

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006



An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a dhéanann urraíocht uirthi.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir.

Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig um Cheadúnúchán agus Treoir
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide & Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

2006

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2006 EPA

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Bíodh go bhfuil gach iarracht déanta maidir le cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo, ní féidir deimhniú a thabhairt go bhfuil na sonraí go léir lánchruinn. Ní ghlacann An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar (na húdair) freagracht ar bith as aon chaillteanas nó damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó go hiomlán mar gheall ar dhuine ag gníomhú nó ag staonadh ó ghníomhú, de dheasca ábhair ar bith san fhoilseachán seo. Féadfar cuid den fhoilseachán seo nó é go léir a atáirgeadh gan chead, ach an fhoinse a admháil.

ÁBHAR

Misean, Fís, Luachanna & Spriocanna 3

Struchtúr Eagrúcháin EPA 4

Bord Stiúrthóirí EPA 5

Coiste Comhairleach EPA 6

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra 7

Cuid I

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 12

An Oifig um Cheadúnúchán agus Treoir 13

An Oifig Forfheidhmithe Comhshaoil 17

An Oifig um Measúnú Comhshaoil 22

Cuid 2

Rialachas Corparáide agus Forbairt Eagraíochtúil 29

An tAcht um Íoc Pras Chuntas, 1997 35

Aguisín I

Foilseacháin EPA 2006 36

Cuid 3

Ráitis Airgeadais 38

MISEAN

IS É ÁR MISEAN É CHUN:

An comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, ag glacadh na bprionsabal sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a bhaineann le forbairt inbhuanaithe san áireamh.

FÍS

IS Í ÁR BHFÍS A BHEITH:

Mar ghníomhaí cumhachtach ó thaobh athraithe, ó thaobh dearcadh i leith an chomhshaoil agus ó thaobh gníomhartha do chosaint an chomhshaoil;

Mar eagraíocht a oibríonn le saincheisteanna comhshaoil a chur ag croílár phróisis chinnteoireachta idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla;

Mar eagraíocht a mbeidh meas uirthi agus creidiúint aici, eagraíocht a labharfaidh amach go misniúil leis an gcomhshaol a chosaint;

Mar eagraíocht ar chaighdeán domhanda as a mbeidh daoine mórtasach as a bheith ag obair inti.

LUACHANNA

IS IAD ÁR LUACHANNA NÁ:

Ionracas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht;

Seirbhís dár gcuid geallsealbhóirí;

Luach ar airgead;

Omós agus tacaíocht do chomhghleacaithe;

A bheith oscailte d'fhoghlaim.

SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ

IS IAD ÁR SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ NÁ CHUN:

Bheith mar ghníomhaí cumhachtach le haghaidh athruithe;

Eagraíocht ardfheidhmíochta a thógáil;

Freastal ar riachtanais ar leas-sealbhóirí;

Measúnacht agus feabhas leanúnach a bheartú.

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN



AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

Clé go Deas

Dara Lynott	Stiúrthóir, An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
Mary Kelly	An t-Ard-Stiúrthóir
Padraic Larkin	Leas-Ardstiúrthóir agus Stiúrthóir, an Oifig um Athrú Aeráide, Cheadúnúchán agus Úsáid Acmhainní
Laura Burke	Stiúrthóir, An Oifig Cumarsáide & Seirbhísí Corparáide
Larry Stapleton	Stiúrthóir, an Oifig um Measúnacht Comhshaoil

COISTE COMHAIRLEACH AN EPA

COISTE COMHAIRLEACH AN EPA

Faigheann an EPA cúnamh ó Choiste Comhairleach ar a bhfuil dhá chomhalta dhéag a chasann le chéile roinnt uaireanta sa bhliain chun ábhair imní a phlé agus comhairle a thabhairt don bhord.

Chun tosaigh (ó chlé):
Katherine Walshe; Irene Sweeney; Mary Kelly (An t-Ard-Stiúrthóir, EPA
agus Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh, Carmel Dawson; Jeane Meldon; John Dillon

Ar chúl (ó chlé):
Padraic Larkin (Stiúrthóir, EPA) Michael Neill (Bainisteoir Réigiúnach, Cigireacht Réigiúnach an EPA, Cill Chainnigh); Willie Callaghan; John Sweeney; John Buckley, Donal Harte

Daoine atá ar lár ón ngrianghraf: Sean Byrne

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Bhí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil thar a bheith gnóthach arís i 2006. Le druidim na bliana tá deireadh ag teacht lenár gCreatlach Straitéiseach 2003 - 2006 a leag amach, i 2003, spriocanna agus cuspóirí uaillmhianacha don Ghníomhaireacht chomh maith le hathruithe eagraíochtúla a bhí riachtanach chun dul i ngleic le saincheisteanna móra a bhí ag teacht chun cinn ag an am. Tá lúchair orm a thuairisciú gur baineadh na mórchéimeanna go léir a leagadh amach sa Chreatlach sin amach.

Le linn 2006, chuireamar tús le hobair ullmhúcháin na céad straitéise eile don EPA. Cé go raibh ár gCreatlach Straitéiseach 2003 – 2006 ag plé leis na hathruithe eagraíochtúla a bhí riachtanach laistigh den EPA chun dul i ngleic leis na saincheisteanna comhshaoil a bhain leo, beidh ár straitéis nua, dar teideal *2020 Vision – Protecting and Improving Ireland's Environment* ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh idir 2003 agus 2006 agus leagfaidh sí amach fís fhadtéarmach an EPA maidir le comhshaol na hÉireann. Tá a lán dúshlán romhainn agus leagann an straitéis amach spriocanna i leith na bpríomhthéamaí lena n-áirítear athrú aeráide, cáilíocht aeir, cáilíocht uisce, ithir agus bithéagsúlacht, úsáid acmhainne inbhuanaithe agus comhtháthú agus cur i bhfeidhm. Chuir a lán dár ngeallsealbhóirí leis an bpróiseas le linn na céime comhairliúcháin phoiblí agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo siúd go léir a rinne aighneachtaí.

Beidh tréimhse ríthábhachtach romhainn anois maidir le comhshaol na hÉireann sna deich mbliana go cúig bhliana déag atá le teacht,

agus ba mhaith liomsa go nglacfadh an EPA ról ceannródaíoch ó thaobh na mbeart a chaithfear a chur i ngníomh lena chinntiú nach rachaidh an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta chun dochair na timpeallachta. Táim múiníneach go gcuirfidh *2020Vision* creatlach ar fáil ina bhféadfaí sin a fhíorú ar bhealach cothromúil agus inbhuanaithe. Tá a fhios agam, áfach, agus ár bhfís maidir le comhshaol na hÉireann a leagan amach againn, nach í an EPA an t-aon eagraíocht amháin ar a bhfuil freagrachtaí cosanta comhshaoil. Beidh sé dodhéanta na spriocanna sin a bhaint amach gan comhoibriú gníomhach na n-eagraíochtaí eile, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúla, raon comhlachtaí poiblí agus príobháideacha ar a bhfuil freagrachtaí comhshaoil, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha a bhaineann leis an gcomhshaol agus daoine aonair.

Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhóirí go léir ionas gur féidir *2020Vision* a fhíorú.

Bhí cur i bhfeidhm mar thosaíocht ag an EPA arís le linn 2006, rud a mhairfidh ar feadh morán blianta go fóill. Tá an Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil, atá a chomhordú ag an EPA agus ina bhfuil na húdaráis áitiúla go léir, An Garda Síochána agus comhlachtaí poiblí eile páirteach, bunaithe le tamall anois agus tá ag éirí go maith leis. Táimid fós i imbun cainteanna lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann agus tá saincheisteanna bainistíochta dramhaíola trasteorann á bplé againn ar dhóigh comhordaithe. Foilsíodh an chéad tuairisc náisiúnta ar chur i bhfeidhm Focus on Environmental Enforcement 2004/2005 i mí Iúil 2006.

Is é an pobal féin a chuirfidh na gníomhaireachtaí chur i bhfeidhm ar an eolas agus ba mhian liom go mbeadh sé éasca sin a dhéanamh. I mí an Mheithimh 2006 sheol an EPA i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla agus An Garda Síochána feachtas 'Dump the Dumpers' sa dóigh is go bhféadfadh le saoránaigh casaoid a dhéanamh maidir le gníomhaíocht dumpála mhídhleathach am ar bith, lá nó oíche. Tháinig thar 1,000 glaoch isteach sa chéad sé mhí agus tá an tseirbhís á leathnú anois go ceann bliain eile. Beidh measúnú á dhéanamh againn le linn 2007 chun féachaint an bhféadfaí an tseirbhís sin a leathnú sa dóigh is go bhféadfadh léi gach gearán maidir leis an gcomhshaol a láimhseáil.

Bhaineamar úsáid mhaith as ár gcumhachtaí dlíthiúla i 2006. Ciontaíodh trí chás ar dhíotháil sa Chúirt Chuarda agus ionchúisíodh 15 cás eile sna Cúirteanna Dúiche. Bhain tromlach na gcúiseanna le sáruithe leanúnacha maidir le luachanna teorainneacha astaithe, gan infrastruchtúr a insealbhú agus gan eolas a chur faoi bhráid an EPA faoi mar a éilíonn coinníollacha ceadúnais. Tá infheistíochtaí móra geallta acusan a ciontaíodh – suas le €4 milliún i gcásanna áirithe – le feabhsúcháin a rachaidh chun sochar an chomhshaoil a dhéanamh ag a saoráidí. Tá roinnt cásanna eile á bhfiosrú faoi láthair nó tá siad faoi bhreithniú an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí. Tá lúchair orm a rá, áfach, go n-oibríonn tromlach na saoráidí ceadúnaithe de réir téarmaí a gceadúnais agus leanfaimid ar aghaidh le cur chuige cothrom agus i gcomhréir maidir le cur i bhfeidhm.

Bhí ról maoirseachta maidir le gníomhaíochtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil á chleachtadh ag an EPA le linn 2006. Eisíodh 92 Fógra Comhairle agus Molaidh d'údaráis áitiúla agus seacht dTreoir cheangailteacha mar thoradh ar chéad seachtó imscrúdú, a bhformhór a d'eascair as gearáin ón bpobal. Bhain an chuid is mó de na saincheisteanna a himscrúdaíodh le bainistíocht dramhaíola agus le cosaint uisce.

Bhí bliain ghnóthach ag an EPA ó thaobh ceadúnaithe de chomh maith. Rinneadh athbhreithniú ar gach ceadúnas IPPC i 2006, chun féachaint an raibh ceanglais Treoir IPPC á gcomhlíonadh agus rinneadh 20 ceann a leasú ionas go mbeadh na ceanglais sin á gcomhlíonadh acu.

Le linn 2006, socraíodh dhá iarratas ar cheadúnais láithreáin líonta talún a thógáil chun dramhaíl as láithreacha mídhleathacha líonta talún a dhiúscairt iontu. Bhí ar an dá iarratasóir gach uile ábhar a bhféadfadh go dtiocfadh truailliú as a aistriú agus na suímh a athchóiriú le hábhar támh. Thug socrú na gceadúnas sin teachtaireacht shoiléir do dhaoine a raibh baint acu le cleachtais diúscartha dramhaíola mídhleathacha nach raibh na cleachtais sin inghlactha agus gur chóir go gcuirfeadh athchóiriú na láithreán sin deireadh le ré náireach dumpála mhídhleathaí in Éirinn.

Rialaigh an Ard-Chúirt i bhfabhar an EPA in dhá chás athbhreithnithe bhreithiúnaigh i mí Nollag 2006. Tugann sé muinín domsa gur sheas na breithiúnais sa dá chás le cinntí an EPA agus leis an bpróiseas cinnteoireachta atá glactha ag an nGníomhaireacht.

Ag leibhéal Eorpach, eisíodh toiliú amháin le GMO-anna a chur ar an margadh laistigh den Aontas Eorpach agus bhí ról gníomhach ag an EPA sa phróiseas rialála sin thar ceann na hÉireann. Thug an EPA toiliú, faoi réir ag coinníollacha dochta, do BASF Plant Science, GMBH trialacha allamuigh a dhéanamh ar línte prátaí géinmhodhnaithe a bhfuil friotaíocht níos fearr in aghaidh dúchan prátaí dhéanach acu. Níor thosaigh BASF na trialacha, áfach, i 2006.

Lean an obair ar fheidhmiú Scéim Trádála Astuithe an Aontas Eorpaigh d'Éirinn ar aghaidh. Léiríodh go raibh rialú thrádáil astuithe éifeachtach nuair a cuireadh sonraí oibríochtúla chéad bhliain na scéime ar fáil i mBealtaine 2006. Taispeánadh nach raibh ach ceithre thír san AE nach ndearna 'leithdháileadh thar fóir' ar liúntais le haghaidh feistiúcháin lena mbaineann an scéim agus go raibh Éire ar cheann acu sin. Bhí an chéad Cheant do Bhallstát an AE le haghaidh Gáis Cheaptha Teasa a thionóil ag an EPA faoin Scéim Trádála Astuithe i mí Feabhra 2006. Tionóladh an dara ceant i mí na Nollag 2006. Chuir an EPA an dara Plean Leithdháilte Náisiúnta a bhí ag Éirinn faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Iúil 2006.

Cuireadh breis dualgas ar an EPA i 2006, mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe, i ndáil le dhá 'mheicníocht sholúbtha' eile a tugadh isteach faoi Phrótacal Kyoto. Is le haghaidh tionscadal a bhíonn ar siúl i dtíortha atá i mbéal forbartha é Clean Development Mechanism agus is le haghaidh comhthionscadal idir tíortha atá i mbéal forbartha é Joint Implementation.

Táim sásta fosta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh maidir leis gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola atá á threorú ag an EPA. Seoladh tionscnamh náisiúnta, in Iúil 2006, le cosc dramhaíola a chur chun cinn i gcomhar le seacht n-údarás áitiúil i nGaillimh, sa Mhuineachán agus i réigiúin Luimneach - An Clár - Ciarraí. Féachfaidh Clár Taispeántais do Chosc Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil le giniúint dramhaíola a chosc ó na gnólachtaí agus na hearnálacha rannpháirteacha. Soláthróidh a chonclúidí teimpléad d'údaráis áitiúla eile ar fud na tíre le haghaidh tograí eile chun dramhaíl a chosc. Tá sé ar intinn agam an clár a fhorleathnú ar fud na tíre sna blianta atá le teacht.

I 2006, leis, d'fhorbair an EPA Clár Laghdaithe Pacáistí Dramhaíola i gcomhar le Repak. Cuirfidh an EPA urraíocht agus tacaíocht bainistíochta ar fáil leis an gclár sin a chur i bhfeidhm.

Tháinig Treoir an AE faoi Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) i bhfeidhm in Éirinn i mí Lúnasa 2005 agus tá an EPA freagrach as páirteanna suntasacha de a chur i bhfeidhm. Thosaigh an EPA láithreach ar a bhforfheidhmiú trí imscrúduithe ar an talamh á ndéanamh ar shiopaí miondíola leictreachais ar fud na tíre agus, mar thoradh ar na himscrúduithe sin, ionchúisíodh roinnt áirithe asraonta móra as neamhchomhlíonadh na Rialachán. Le forfheidhmiú na rialachán sin a fheabhsú, táthar tar éis caidrimh oibre a bhunú le húdaráis agus gníomhaireachtaí eile.

Cuireann na Rialacháin faoi Shubstaintí Guaiseacha a Shrianadh (RoHS) le Rialacháin WEEE trí úsáid substaintí guaiseacha áirithe i dtrealamh nua leictreonach a chosc. D'fhorbair agus thosaigh an EPA feidhmiú straitéiseach chun na rialacháin sin a fhorfheidhmiú i 2006.

Ó thaobh tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol, chuir an EPA trí Thuarascáil Comhshaoil Táscaire-bhunaithe i láthair i 2006: Environment in Focus 2006 – *Environmental Indicators for Ireland, Water Quality in Ireland 2005 – Key Indicators of the Aquatic Environment*, agus *Air Quality in Ireland 2005 – Key Indicators of Ambient Air Quality*. Cuireann na tuarascálacha sin eolas ar dóigh faoi thimpeallacht na hÉireann ar fáil do pháirtithe leasmhara agus cuireann siad go mór mór le réimsí na mbeartas lena mbaineann siad.

Beidh obair ag dul ar aghaidh ar fhorfheidhmiú an Chreat-Treoir Uisce. Céim ollmhór don EPA a bhí i bhfoilsiú Chlár Monatóireachta um Chreat-Treoir Uisce le linn 2006. Tionóladh an chéad Chomhdháil Náisiúnta Uisce de chuid an EPA i nGaillimh i mí an Mheithimh 2006 lena chois.

Tháinig na Rialacháin maidir le Torann Comhshaoil 2006 i bhfeidhm in Aibreán 2006 faoinar tra-suíodh Treoir chomhlachaithe an AE ina dhlí de chuid na hÉireann maidir le torann comhshaoil a bhainistiú agus a mheas. Sholáthair an EPA, mar an t-údarás inniúil náisiúnta, comhairle agus treorú d'údaráis léarscáilithe torann, lena n-áirítear roinnt údarás áitiúil; an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Iarnród Éireann agus an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród. Tosaíodh i rith na bliana ar an obair le mapaí straitéiseacha torainn a tháirgeadh do chéad spriocdháta an AE.

Trína chlár taighde lean an EPA ag déanamh maoiniú ar thograí nua taighde, ó thograí a bhain le staidéir

bhoird oibre agus tograí mórscála ilbhliantúla a rinne taighdeoirí aonair amhail coláistí, insitiúidí taighde agus cuideachtaí. Tá breis is 400 togra arna maoiniú ag an EPA go nuige seo. I 2006 sholáthair an EPA níos mó ná €7 milliún le haghaidh tograí taighde comhshaoil agus foilsíodh tuarascálacha taighde ar 25 mórthogra. Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An tUas. Dick Roche, TD agus Coimisinéir Comhshaoil an AE, An tUas. Stavros Dimas clár nua Teicneolaíochtaí Comhshaoil de chuid an EPA i dteannta a chéile.

Rinneadh dul chun cinn maidir le forbairt Ionad Taighde Comhshaoil an EPA (ERC) chomh maith nuair a d'ardaigh an líon pearsanra go dtí 11 comhalta taighe lánaimseartha. I 2006 d'fhoilsigh an ERC trí thuarascáil ar athrú aeráide mar aon le saincheisteanna faoi cháilíocht aeir ó thaobh na hÉireann de.

Leanfaimid lenár n-iarrachtaí aird an phobail a tharraingt ar shaincheisteanna comhshaoil ríthábhachtacha. Mar chuid den obair sin, i 2006, leanamar leis an mbaint a bhí againn leis agus ag déanamh urraíochta ar an gclár teilifíse EcoEye, clár a raibh an ceathrú sraith á chraoladh ar RTÉ 1 go luath in Earrach na bliana 2006. Tháinig ardú 14% ar líon an lucht féachana ar an tsraith roimhe sin. Bhí an cúigiú sraith de *EcoEye* á tabhairt le chéile i gcaitheamh na bliana le craoladh sa chéad ráithe de 2007.

Rinne an EPA urraíocht ar an dara comhdháil bhliantúil Environment Ireland i mí Mheán Fómhair 2006 agus d'fhreastail os cionn 300 toscaire uirthi. Cuireadh feachtais fógraíochta ar bun i 2006 chun aird a tharraingt ar thinte chúl tí agus ar bhailiúcháin dramhaíola mídhleathacha fosta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir san EPA as ucht a gcuid oibre agus a ndílseachta le linn na bliana. Tá lúchair orm a thuairisciú gur ardaigh foireann an EPA ó 240 go 290 duine i 2006, ag léiriú na bhfreagrachtaí breise a leagadh orainn. Táim buíoch den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil as a gcabhair i dtaca leis sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhStiúrthóirí san EPA chomh maith as ucht a gcuid oibre agus a ndíograis le linn 2006, le baill Choiste Comhairleach an EPA agus le baill na gCoistí Comhairleach eile ar a mbímid ag brath le haghaidh comhairle iontaofa ar réimse saincheisteanna, lena n-áirítear cosc dramhaíola, orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus trádáil astuithe.

Mary Kelly

Mary Kelly
An t-Ard-Stiúrthóir

1 ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ

ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ

Leagtar réimse leathan feidhmeanna agus dualgas ar an EPA maidir le caomhnú an chomhshaoil. Tá sé freagrach as ceadúnú agus rialú na n-áiseanna móra tionsclaíochta agus dramhaíola, as maoirsiú, iniúchadh agus forfheidhmiú comshaoil maidir leis na húdaráis phoiblí, as anailísiú, monatóireacht agus tuairisciú, as taighde náisiúnta comhshaoil a chomhordú, as Treoir an AE um Thrádáil Astuithe a chur i bhfeidhm, forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach, as an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a chomhordú agus as Rialacháin an AE um Ídiú Ózóin a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Lena chois sin, tá ról tábhachtach ag an EPA i gcur i bhfeidhm roinnt Treoracha de chuid an AE, lena n-áirítear an Creat-Treoir Aeir, an treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Creat-Treoracha Uisce. Bíonn baint ag an EPA freisin le réimse leathan gníomhartha ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnaisiúnta.

Comhlíonann an Oifig um Cheadúnúchán agus Treoir, an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil agus an Oifig um Measúnacht Comhshaoil na feidhmeanna a liostaítear thuas ionas gur féidir leis an EPA a shainordú a sheachadadh. Déanfar cur síos breise ar shainfheidhmeanna agus ar dhualgais atá ag gach oifig acu sin agus ar a ngníomhaíochtaí sa chéad chuid eile.

Tacaíonn Oifig na Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáide le hobair na n-oifigí sin. Tá tuilleadh sonraí ar ghníomhaíochtaí na hOifige sin i gCuid 2 den tuarascáil seo.

An Oifig um Cheadúnúchán agus Treoir

AN OIFIG UM CHEADÚNÚCHÁN AGUS TREOIR

Tá sainchúram leathan ar an Oifig um Cheadúnúchán agus Treoir, lena n-áirítear ceadúnú móráiseanna tionsclaíochta agus dramhaíola, áiseanna móra stórála peitril a cheadú agus toilithe a thabhairt maidir le horgánaigh ghéinathruithe. Tá an Oifig freagrach freisin as an Treoir Thrádáil Astúchán AE a chur i bhfeidhm in Éirinn, chomh maith leis an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola agus an Plean Náisiúnta Bainistithe Guaisdrámhaíola mar aon le tionscnaimh freagrachta do tháirgeoirí a fhorfheidhmiú, mar atá, an Treoir um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), Rialacháin maidir le Pacáistiú, reachtaíocht um Shrianadh ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) agus Rialacháin um Shubstaintí a Ídíonn Ózón (OSD).

CEADÚNÚ UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ (IPPC)

Tá béim níos mó ar chosc dramhaíola i gcóras ceadúnaithe an IPPC agus é mar aidhm laghdú ar na hastuithe san aer, san uisce agus sa talamh, laghdú ar dhramhaíl go ginearálta agus úsáid éifeachtach a bhaint as fuinneamh.

Bíonn ceadúnas IPPC riachtanach i gcás phróisis tionsclaíochta mhórscála a mbeadh castacht thar an ngnáth ag baint leo agus a bhféadfadh go dtiocfadh truailliú suntasach astu. Rinneadh gach ceadúnas IPPC a athbhreithniú i 2006 maidir le comhlíonadh riachtanais na Treorach IPPC agus leasaíodh 20 ceadúnas d'fhonn an chomhlíonta. Cuireadh 27 ceadúnas faoi athbhreithniú mion. Eisíodh 34 ceadúnas IPPC agus bhí 4 cinn d'iarratais ar cheadúnas a tarraingíodh siar nó ar éiríodh astu. Ina theannta sin, eisíodh 30 Cinneadh Beartaithe. Féach Tábla I.

Rinneadh leasuithe teicniúla ar 15 ceadúnas de réir na rialachán faoi cheadúnais. Ceadaítear faoi na leasuithe teicniúla coinníollacha a chur isteach i gceadúnas d'fhonn go gcomhlíontar riachtanais Threoir IPPC nó d'fhonn go bhféadfar an ceadúnas a oibriú.

CEADÚNÚ DRAMHAÍOLA

Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, is é an EPA atá freagrach as ceadúnú gach áis aisghabhála agus diúscartha dramhaíola den suntas, arna n-oibriú ag údaráis áitiúla agus oibritheoirí príobháideacha. Leagtar síos coinníollacha géara maidir le hoibriú na n-áiseanna trí phróiseas an cheadúnú dramhaíola lena chinntiú go ndéanfar rialú docht maidir le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gcomhshaol.

I 2006 cheadaigh an EPA ceadúnais nua agus athbhreithnithe do 5 láthair líonta talún, 8 stáisiún aistrithe dramhaíola, 3 áis diúscartha do ghuaisdramhaíl agus áis amháin aisghabhála ábhair, i 2006. Diúltaíodh d'iarratas ar cheadúnas amháin agus eisíodh 19 Cinneadh Beartaithe.

Rinneadh socrú i 2006 faoi dhá iarratas ar cheadúnais do láithreáin líonta talún a thógáil chun dramhaíl as láithreacha mídhleathacha líonta talún a dhiúscairt iontu. Eisíodh ceadúnas do Roadstone Dublin Ltd. agus foráladh leis an gceadúnas sin go ndéanfaí gach dramhaíl a bhféadfadh sé go dtiocfadh truailliú aisti a aistriú ón suíomh agus nach ndéanfaí ach dramhaíl thámh amháin a dhiúscairt ann.

Diúltaíodh ceadúnas chomh maith do Brownfield Restoration Ireland Ltd. i dtaca le dramhaíl mheasctha a chartadh isteach i láthair líonta talún agus éilíodh go n-aistreofaí an dramhaíl a bhféadfadh truailliú a bheith ann dá deasca ón suíomh sin agus an suíomh a athchóiriú le hábhar támh.

Rialaigh an Ard-Chúirt, um Nollaig, i bhfabhar an EPA maidir le dhá chás athbhreithnithe bhreithiúnacha. Bhain an dá chás le cinntí a rinne an EPA ceadúnais dramhaíola a eisiúint i gcomhair láithreáin líonta talún in Usk, Cill Chuillinn, Co. Chill Dara agus i Hardbog,

Gráinseach Mhóicléir, Co. Thiobraid Árann. Tugadh breithiúnas sa dá chás in aghaidh an dá iarrthóir maidir le hathbhreithniú agus seasadh le cinntí an EPA agus an próiseas cinnteoireachta a ghlac an Ghníomhaireacht.

Tá sonraí faoi gach ceadúnas EPA le fáil sa chuid *What We Do* ar ghréasán an EPA www.epa.ie

ROCHTAIN AR DHOICIMÉID CHEADÚNÚCHÁIN

Cuireadh le polasaí oscailteachta agus trédhearcachta an EPA i Márta 2006 nuair a cuireadh go suntasach le líon na leathanach ceadúnúchán IPPC agus Dramhaíola ar shuíomh idirlín an EPA. Ó tá gach doiciméad ceadúnúcháin ar fáil ar an suíomh, lena n-áirítear foirmeacha iarratais, mapaí agus cumarsáid, beidh rochtain shaoráideach ag an bpobal ar chomhaid cheadúnúcháin agus comhlíonfar eochaircheanglais Threoir an AE ar Rochtain ar Eolas Comhshaoil (Treoir Aarhus) lena chois.

TOILITHE UM ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE (GMO)

Is é an EPA an t-údarás inniúil in Éirinn d'fheidhmiú Rialachán GMO maidir leis an úsáid shrianta, scaoileadh de bhun tola sa chomhshaol agus gluaiseacht trasteorann GMO-anna.

Faoi dheireadh 2006 bhí 227 taifead ar chlár úsáideoirí GMO in Éirinn.Baineann níos mó ná 96% díobh sin le húsáid shrianta, ar saotharlanna taighde den tríú leibhéal iad den chuid is mó agus iad sin aicmithe de réir mionriosca. Eisíodh sé thoiliú is fiche d'úsáid shrianta GMO-anna agus rinneadh iniúchadh suímh ar naoi n-áitreabh ina mbaintear úsáid shrianta as GMO.

Ag leibhéal na hEorpa, eisíodh toiliú amháin le GMO-anna a chur ar an margadh (scaoileadh de bhun tola) laistigh den Aontas Eorpach agus bhí ról gníomhach ag an EPA sa phróiseas rialála sin thar ceann na hÉireann.Thug an EPA toiliú, faoi réir ag coinníollacha dochta, do BASF Plant Science, GMBH trialacha allamuigh a dhéanamh ar línte de phrátaí géinmhodhnaithe a bhfuil friotaíocht níos fearr in aghaidh dúchan dhéanach phrátaí acu. Níir thosaigh BASF, áfach, na trialacha i 2006.

TEASTAIS CHLÁRAITHE

Baineann an EPA leas as Teastais Chláraithe le rialáil a dhéanamh ar shaoráidí aisghabhála dramhaíola tearcriosca de chuid na n-údarás áitiúil.

TRÁDÁIL ASTUITHE

Is é an EPA an t-údarás inniúil ar a bhfuil freagracht maidir le Trádáil Astuithe a chur i bhfeidhm in Éirinn faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Trádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa) 2004. Baineann an scéim le táirgeoirí móra GHG-anna - tionscail ghinte cumhachta agus stroighne chomh maith le húsáideoirí móra eile a bhaineann leas as breosla iontaise.

I bhFeabhra 2006 ghair an EPA céadCheant Bhallstát an AE maidir le Liúntais Gháis Cheaptha Teasa faoin Scéim Trádála Astuithe. Díoladh 250,000 liúntas ar fad ar €26.70 an ceann (gar do phraghas an mhargaidh san am). Gaireadh an dara ceant um Nollaig 2006. Díoladh 963,000 liúntas an uair sin ar €6.87 an ceann, lena n-áirítear liúntais nár úsáideadh de bharr ceithre dhúnadh síos, léiriú ar an titim i bpraghas carbóin sa mhargadh i rith 2006.

I mBealtaine 2006, cuireadh sonraí oibríochtúla na céad bliana ar fáil don Scéim Trádála Astuithe. Léiríodh nach raibh ach ceithre thír ar fad san AE nach ndearna 'leithdháileadh thar fóir' ar liúntais do na cuideachtaí sin arna gcuimsiú ag Trádáil Astuithe agus bhí Éire ar cheann acu sin.

Tá fáil ag rannpháirtithe ar Chlár Náisiúnta Trádála Astuithe ina gcinntítear go dtabharfar cuntas cruinn

ar eisiúint, aistriú, cur ar ceal agus géilleadh liúntas astuithe laistigh den Scéim Trádála Astuithe ag www.etr.ie.

Chuir an EPA an dara Plean Naisiúnta Dáileacháin de chuid na hÉireann faoi bhráid Choimisiún na hEorpa, in Iúil 2006, de réir cheanglais na Treorach Trádála Astuithe. Sonraítear sa phlean sin an bunús ar a leithdháilfear liúntais charbóin san earnáil trádála ar na suiteálacha rannpháirteacha sa tréimhse chúig bliana 2008-2012.

Faoi dheireadh 2006 bhí ceadúnas bailí ag 113 suiteáil arna gcuimsiú ag scéim trádála in Éirinn, a cheangail orthu monatóireacht a dhéanamh ar astuithe mar aon le tuairisciú orthu agus liúntais a ghéilleadh de réir na Rialachán.

'SÁSRAÍ' EILE PHRÓTACAL KYOTO

Cuireadh breis dualgas ar an EPA i 2006, mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe, i ndáil le dhá 'mheicníocht sholúbtha' eile a tugadh isteach faoi Phrótacal Kyoto. Is le haghaidh tograí atá ar bun i dtíortha forbraíochta an Mheicníocht um Fhorbairt Ghlan agus is le haghaidh tograí atáthar a fheidhmiú idir tíortha forbartha Feidhmiú Chomhpháirteach.

TREOIR THEICNIÚIL

Soláthraíonn an EPA treoir theicniúil maidir le réimse ábhar le tacú leis an sárchleachtas comhshaoil chomh maith le gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus cur i bhfeidhm. Foilsíodh doiciméid threoracha i 2006 ar:

- *Bainistiu Comhshaoil don Tionsclaíocht Asbhainteach; agus*
- *Measúnacht Dliteanais Riosca Comhshaoil, Pleananna Bainistíochta Iarmharach & Forálacha Airgeadais*

De bhreis air sin, cuireadh clabhsúr ar réimse de dhoiciméid threorach IPPC Na Sárchleachtais is Fearr atá ann. Tá fáil orthu go léir ar shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC DRAMHAÍOLA (NWPP)

Is é an EPA a stiúrann An Clár um Chosc Dramhaíola, arb é is aidhm dó an claonadh ró-mhór chun leas a bhaint as acmhainní mar aon le ginniúint dramhaíola in Éirinn a athrú.

Foilsíodh an dara tuarascáil bhliantúil ar an gclár i 2006 agus tá sí ar fáil ar shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie.

Chuir an Coiste Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (agus an EPA mar chathaoirleach air) comhairle straitéiseach ar fáil maidir le gach togra de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola.

Tábla 1:
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin i 2006

	Ceadúnais IPPC	Ceadúnais Dramhaíola	Toilithe GMO	Teastais Chláraithe
Iarratais a breithníodh	114	42	29	636
Cinntí Beartaithe	30	19	N/A	N/A
Agóidí a Fuarthas	31	27	N/A	N/A
Cinntí Deiridh	34	24	26	636

Seoladh tionscnamh náisiúnta, in Iúil 2006, le cosc dramhaíola a chur chun cinn i gcomhar le seacht n-údarás áitiúla i nGaillimh, sa Mhuineachán agus i réigiúin Luimneach - An Clár - Ciarraí. Féachfaidh Clár Taispeántais do Chosc Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil le giniúint dramhaíola a chosc ó na gnólachtaí agus na hearnálacha rannpháirteacha. Soláthróidh a chonclúidí teimpléad d'údaráis áitiúla eile ar fud na tíre le haghaidh tograí eile chun dramhaíl a chosc. Déanfar an clár a fhorleathnú ar fud na tíre sna blianta atá le teacht.

I 2006, leis, d'fhorbair an EPA Clár Laghdaithe Pacáistí Dramhaíola i gcomhar le Repak. Cuirfidh an EPA urraíocht agus tacaíocht bainistíochta ar fáil leis an gclár sin a chur i bhfeidhm.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a fhorbairt agus a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta Guaisdramhaíola Náisiúnta a thiocfaidh in áit an cheann roimhe sin. Cuireadh ceanglais na Rialachán do Shubstaintí a Ídíonn Ózón i bhfeidhm go hiomlán i 2006. Rinneadh obair réamhullmhúcháin do na Rialacháin faoi Thruailleáin Sheasta Orgánacha a chur i bhfeidhm.

TIONSCNAIMH FREAGRACHTA AN TÁIRGEORA

Tháinig Treoir an AE faoi Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) i bhfeidhm in Éirinn i mí Lúnasa 2005 agus tá an EPA freagrach as páirteanna suntasacha de a chur i bhfeidhm. Rolláladh amach feachtas leathan fógraíochta chun na geallsealbhóirí go léir a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí faoin Treoir, agus taispeánadh réimse ábhar air sin ar an gclár teilifíse *Eco-Eye*.

Thosaigh an EPA láithreach ar iad a fhorfheidhmiú trí imscrúduithe ar an talamh a dhéanamh ar shiopaí miondíola leictreachais ar fud na tíre agus, mar thoradh ar na himscrúduithe sin, ionchúisíodh roinnt áirithe asraonta móra as neamhchomhlíonadh na Rialachán. Le forfheidhmiú na rialachán sin a fheabhsú, táthar tar éis caidrimh oibre a bhunú le húdaráis agus gníomhaireachtaí eile.

Cuireann na Rialacháin faoi Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) a Shrianadh le Rialacháin WEEE trí úsáid shubstaintí guaiseacha áirithe i dtrealamh nua leictreonach a chosc. D'fhorbair agus thosaigh an EPA feidhmiú straitéiseach chun na rialacháin sin a fhorfheidhmiú i 2006.

TREOIR UM MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL (SEA)

Baineann Measúnú Straitéiseach Comhshaoil le measunú a dhéanamh ar thionchair shuntasacha dhóchúla na bpleananna agus na gclár sula nglactar leo.

Tá an EPA ar cheann de na trí údarás comhshaoil deimhnithe faoi Rialacháin an SEA in Éirinn. Ceanglaíonn Rialacháin an SEA go ndéanfaidh na húdaráis inniúla comhairle leis na húdaráis chomhshaoil dheimhnithe agus pleananna agus cláir shainiúla a chur faoi mheasúnú comhshaoil.

An aidhm ná ardleibhéal cosanta comhshaoil agus gnéithe faoin gcomhshaol a chomhtháthú i bpleananna agus i gcláir chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

I 2006 rinneadh comhairle leis an EPA faoi bhreis is 200 plean agus clár chun críche Scagtha agus Scópála maidir le SEA. Bíodh gur bhain an chuid is mó de na pleananna sin le pleanáil ar úsáid talún, bhain cuid eile acu le guaisdramhaíl, bainistiú ar bhaol ó thuilte, talmhaíocht, forbairt eacnamaíochta agus fuinneamh.

Cuireadh acmhainní agus eolas SEA ar fáil ar shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie. le cuidiú le lucht tiomsaithe plean/cláir agus leis an bpobal i gcoitinne agus eolas ábhartha á lorg acu faoin gcomhshaol.

An Oifig Forfheidhmithe Comhshaoil

AN OIFIG FORFHEIDHMITHE COMHSHAOIL

Tá an Oifig Forfheidhmithe Comhshaoil freagrach as ceadúnais EPA a eisíodh i leith dramhaíola, tionscail agus gníomhaíochtaí eile a fhorfheidhmiú. Ta ról maoirseachta leis aici maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil údarás áitiúil. Tá soláthar comhairle agus treoraithe i gceist leis sin, chomh maith le hiniúchadh feidhmíochta agus, nuair is gá, Treoracha a bhfuil ceanglais dlí leo a eisiúint.

FÓCAS AR FHORFHEIDHMIÚ

I mí Iúil 2006 d'fhoilsigh Oifig Forfheidhmithe Comhshaoil an EPA a tuarascáil Fócas ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil 2004/2005. Cuireadh in iúl sa tuarascáil sin, an chéad cheann dá cineál, gur tháinig cigirí ón EPA ar fhadhbanna ag saoráidí dramhaíola agus tionsclaíochta a bhí ceadúnaithe faoin EPA. Tugadh léargas ginearálta inti chomh maith ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe ar bhonn náisiúnta agus na torthaí a bhí ar na gníomhaíochtaí sin. Ba iad na bunchinntí ná:

- Bhi deacrachtaí fós ag tionscail in earnálacha áirithe, go háirithe bia agus deoch, diantalmhaíocht agus an earnáil chóireála adhmaid, oibriú de réir choinníollacha a gceadúnais.
- Bhí drochchleachtais óo thaobh bhainistiú dramhaíola ann fós in ocht gcinn d'aicmí tionsclaíochta as dhá cheann déag.
- Bhí an boladh bréan ó láithreáin líonta talún agus ag staisiúin aistrithe drámhaíola ag adhaint ar an bpobal agus ina dtrúig ghearáin níos mó ná riamh.
- Fadhbanna suntasacha ab ea an diúscairt eagraithe mhídhleathach agus an dó dramhaíola i gcúlchlóis.

Chuir an tuarascáil in iúl go bhfuil an ceadúnú agus an forfheidhmiú a dhéantar ar ghníomhaíochtaí dramhaíola agus tionsclaíochta éifeachtúil maidir

le hastuithe a shrianú agus truailliú a laghdú ó na leibhéil ag a raibh siad roimh an gceadúnú, agus ó tugadh isteach córas an cheadúnaithe, tá de thoradh air gur suiteáladh infrastruchtúr bailithe gáis i bhformhór na saoráidí líonta talún. Mar thoradh air sin, tá laghdú 33% ar an méid gáis a sceitear as láithreáin líonta talún amach san atmaisféar. Dhírigh an EPA isteach ar údaráis áitiúla a raibh amhras fúthu go raibh diantruailliú á dhéanamh acu mar gheall ar dhoirteadh ó ionaid chóireála fuíolluisce agus tá comhlíonadh rialachán i leith easportáil dramhaíola feabhsaithe go mór.

FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS

Foráiltear leis na ceadúnais a bhronn an EPA d'fhorfheidhmiú na n-iliomad píosaí reachtaíochta ar fud na meán comhshaoil go léir go ndéanfar iad a chuimsiú in aon cháipéis amháin. Dírítear obair fhorfheidhmithe na hOifige Forfheidhmithe Comhshaoil ar shaoráidí ar léir nach gcomhlíonann siad an reachtaíocht ábhartha de shíor nó a bhféadfadh sé go gcuirfeadh siad an comhshaol i mbaol.

Féadfar na sonraí maidir le gach ceadúnas IPPC agus dramhaíola a fheiceáil i gcuid an What We Do ar shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie.

I 2006 rinneadh 133 iniúchadh ar fad agus 771 scrúdú cigireachta ar shaoráidí IPPC agus Dramhaíola. 560 an méid iomlán fógra a seirbheáladh i rith na bliana faoi neamhchomhlíonadh (NONC). Bhain formhór na bhfógraí a seirbheáladh le bainistiú dramhaíola, saoráidí beartaithe/toillte agus sárú theorainneacha astuithe.

I rith 2006 rinneadh 397 agus 776 gearán leis an EPA maidir le saoráidí IPPC agus saoráidí dramhaíola faoi seach. Formhór na ngearán in aghaidh saoráidí dramhaíola, ba faoin mboladh bréan iad. Bhain níos mó ná 80% de na gearáin go léir le 9 saoráid. Bhí seacht gcinn de shaoráidí IPPC ar bhain 59% de ghearáin faoin tionscal ceadúnaithe leo agus ba ghearáin faoi bholadh, cáilíocht aeir, torann, uisce agus deannach iad.

Tugann Tábla 2 achoiAn tUas.e ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe ceadúnas i 2006.

Tábla 2:
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Ceadúnas 2006

	IPPC	Dramhaíl	Iomlán go nuige seo
Cuairteanna Cigireachta	529	242	771
Inúchadh	72	61	133
Cruinnithe géilliúnais	155	62	217
Monatóireacht Aeir	203	-	203
Monatóireacht Uisce	655	163	818
Gearáin	397	776	1173
Fógraí neamhghéilliúnais a eisíodh	401	159	560
Ionchúisimh (Achomair)	9	8	17
Ionchúisimh (indíotáilte)	1	2	3

CÚRSAÍ DLÍ

Is deis fhorfheidhmithe amháin don EPA é ionchúiseamh. Tá fógraí dlí chun bearta sonracha a chur i bhfeidhm d'fhonn truailliú a sheachaint nó a chur ina cheart i measc na ndeiseanna eile. Tugadh seacht gcás déag sna Cúirteanna Dúiche in aghaidh lucht ceadúnais. Ciontaíodh lucht ceadúnais i 15 de na cásanna sin. Bronnadh costais de bhreis is €175,000 ar an EPA. Bhain an chuid is mó de na cúiseanna le sárú seasta ar luachanna teorann astuithe, teip infrastruchtúr a chur isteach agus teip faisnéis a chur ar fáil don EPA mar a eilítear de réir choinníollacha na gceadúnas.

D'éirigh le trí chás a ionchúisíodh ar díotáil sa Chúirt Chuarda i 2006. Dámhadh costais agus fíneálacha de bhreis is €185,000 ar an EPA.

Ag deireadh mhí na Nollag 2006, bhí 13 chás sa Chúirt Dúiche idir lámha ag an EPA agus agus bhí tús curtha le ceann eile acu. Bhí cás amháin á bhreithniú ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus tá roinnt áirithe imscrúduithe eile á ndéanamh faoi láthair.

Thug lucht ceadúnais ar leithligh gealltanais de bhreis is €4 mhilliún chun bearta feabhsúcháin a chur i gcrích lena n-áirítear bainisteoirí comhshaoil a fhostú agus réimse oibreacha feabhsúcháin comhshaoil a dhéanamh ar an láthair.

LÍONRA FORFHEIDHMIÚCHÁIN COMHSHAOIL (EEN)

Déanann an EPA comhordú ar an Líonra Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Comhshaoil. Baineann an líonra leas as acmhainní, saineolas agus cumas imscrúduithe trí chéile, atá ar fáil ar bhonn náisiúnta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar choireanna comhsaoil. Tá bonn láidir faoin Líonra agus déileálann sé le breis is 1,100 comhalta foirne i measc 50 gníomhaireacht nó níos mó. Tá Comhaltaí ag obair ar fud 12 réimse arna gcuimsiú faoi na téamaí: Dramhaíl, Uisce, Forfheidhmiúchán Bainistíochta agus Freagracht Táirgeora. Tá fáil ar níos mó sonraí faoi imeachtaí Líonra ar Thábla 3.

I 2006 bhí ar na príomh-chuspóirí a chomhlíon an Líonra Forfheifhmiúcháin Comhshaoil (EEN), iad seo a leanas:

- Údaráis áitiúla ag tacú le chéile ag leibhéal réigiúnach chun déileáil le saincheisteanna amhail dramhaíl mídhleathach a bhailiú, diúscairt mhídhleathach agus drochbhainistiú ar dhramhaíl scartála agus tógála.
- Géilliúnas maith seasmhach do rialacháin easportála dramhaíola de bharr clár leanúnach scrúduithe cigireachta sna príomh-chalafoirt.
- Na húdaráis forfheidhmiúcháin lena mbaineann a thabhairt le chéile trí chomhdhálacha náisiúnta agus imeachtaí eile líonra, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna forfheidhmithe ar bhonn comhtháite.
- Comhordú níos fearr maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin uisce trí phleananna forfheidhmiúcháin saincheantar a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Córais bhainistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun déileáil le scrúduithe cigireachta agus gearáin i leith an chomhshaoil ar bhonn comhsheasmhach.

Tábla 3:
Imeachtaí Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil 2006

Imeachtaí Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil 2006	
Comhdhálacha Náisiúnta (uisce agus dramhaíl)	**2**
Seimineáir agus Ceardlanna (go hiomlán)	**10**
Líonra um Dhramhaíl Neamhúdaraithe	*1*
Líonra Forfheidhmiúcháin Bhainistíochta	*8*
Líonra Freagrachta Táirgeora (pacáistiú agus WEEE)	*1*
Cruinnithe de Ghrúpaí Oibre (Iomlán)	**20**
Dramhaíl Neamhúdaraithe	*4*
Loingsiú Trasteorann	*4*
Loingsiú Trasteorann IMPEL	*4*
Cigireacht Comhshaoil	*4*
An Éirne / An Abha Mhór	*2*
An tSiúir	*2*
Imeachtaí eile EEN (go hiomlán)	**8**
Iomlán na nImeachtaí Líonra	**40**
Bearta Eile lena mBaineann	
Comhaltaí foirne de chuid an Údaráis Áitiúil a Oileadh i Scileanna Cigireachta/ Forfheidhmiúcháin	89
Líon na bpleananna cigireachta a fuarthas ó na hÚdaráis Áitiúla	30

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DRAMHAÍOLA NEAMHÚDARAITHE

Is ceann de phríomhthosaíochtaí de chuid na hOifige Forfheidhmiúcháin Comhshaoil i gcónaí é aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe. Chuige sin chuathas i ndianchomhairle le húdaráis áitiúla agus an Garda Síochána lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhtháite ag Éirinn i leith aghaidh a thabhairt ar choireanna comhshaoil. Tá an Oifig Forfheidhmiúcháin Comhshaoil ag obair i gcónaí le Seirbhís Oidhreachta agus Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le dramhaíl mhídhleathach trasteorann.

I 2006 sheol an Oifig Forfheidhmiúcháin Comhshaoil líne teileafóin 24 -uaire le dramhaíl mhídhleathach a thuairisciú chucu. An uimhir: **1850 365 121**. Na heagraíochtaí lena mbaineann ná an EPA, údaráis áitiúla agus an Garda Síochána.

I 2006 foilsíodh Cód Cleachtais Measúnú ar Riosca don Chomhshaol i leith Láithreáin Neamhúdaraithe um Dhiúscairt Dramhaíola chun caoi a thabhairt don phobal dul i ndáil chomhairle leo faoi.

FORFHEIDHMIÚCHÁN ÚDARÁS POIBLÍ

Bíonn ról maoirseachta ag an EPA maidir le gníomhaíochtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúil.

I 2006 rinneadh céad is a seachtó trí imscrúdú ar bhun 499 gearán a rinneadh leis an EPA maidir le gníomhaíochtaí a raibh na húdaráis áitiúla freagrach astu. Bhain formhór de na gearáin sin le bainistiú dramhaíola nó saincheisteanna faoi bhainistiú uisce agus an chuid eile le boladh, torann agus pleanáil den chuid is mó. Mar thoradh ar na himscrúduithe sin, tugadh 92 Fógra Comhairle agus Molaidh d'údaráis áitiúla.

Eisíodh seacht dTreoir Bheartaithe agus sé Threoir i leith dramhaíl a bhainistiú mar aon le saincheisteanna bainistithe uisce.

Tá fáil ar shonraí breise ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin Údarás Poiblí i dTábla 4.

Tábla 4:

Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin Údarás Áitiúil i 2006

Iniúchadh	40
Líon Imscrúduithe Fós ar Siúl	249
Gearáin Nua a Fuarthas i 2006	499
Tarchuir chuig Údaráis Áitiúla i 2006	326
S.63 Imscrúduithe a Rinneadh	173
Fógraí Comhairle agus Molaidh a eisíodh	92
Treoracha Beartaithe a Seirbheáladh i 2006	7
Treoracha Beartaithe nár Daingníodh a eisíodh i 2006	1
Treoracha a Seirbheáladh i 2006	6

TUAIRISCIÚ AR GHÉILLIÚNAIS

Foilsíodh an *Phosphorous Regulations Report* i Márta 2006. Áirítear achoiAn tUas.e ar chur i bhfeidhm na n-údarás áitiúil maidir le Rialacháin Náisiúnta Fosfair sa tuarascáil.

Críochnaíodh an *Drinking Water Report, Urban Wastewater Report* agus an *Dangerous Substances Report* i 2006 agus iad le foilsiú sa chéad ráithe de 2007. Áiríodh sna tuarascála achoi An tUase ar chinntí iniúchtaí na n-údarás áitiúil a rinne an EPA i 2006.

In Eanáir 2006 thosaigh an togra *Historic Mine Sites* ar fardal cuimsitheach a sheachadadh ar láithreacha mianaigh stairiúla agus an baol atá ag baint leo maidir leis an gcomhshaol. Táthar tar éis mionfhaisnéis faoi chúlra na láithreacha tosaíochta a ndéanfar imscrúduithe orthu a chur i dtoll a chéile.

An Oifig um Measúnú Comhshaoil

AN OIFIG UM MEASÚNÚ COMHSHAOIL

Tá an Oifig um Measúnú Comhshaoil freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an uisce agus ar an aer sa chomhshaol, as cláir mhonatóireachta agus clár náisiúnta hidriméadrach a ullmhú, as cabhair samplála agus saotharlainne a sholáthar do na húdaráis áitiúla agus as monatóireacht agus seirbhísí éagsúla maidir le saotharlanna a chur ar fáil mar thacú le feidhmeanna ceadúnaithe agus forfheidhmithe an EPA.

Tá sí freagrach chomh maith as an méid seo a leanas: comhordú ar chlár náisiúnta taighde comhshaoil; bunachair de shonraí comhshaoil a bhunú; tuarascálacha ar cháilíocht an chomhshaoil a chur ar fáil go rialta agus Tuarascálacha faoi Staid an Chomhshaoil a fhoilsiú ar bhonn tréimhsiúil. Chomh maith leis sin, áirítear ar shainordú na hOifige cur i bhfeidhm ghnéithe tábhachtacha de Chreat-Treoir Aeir an AE agus Creat-Treoir Uisce an AE agus bíonn an Oifig ina Lárphointe Náisiúnta in Éirinn ag Gníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa (EEA).

FAISNÉISÍOCHT

Mar chuid den obair i réimse na faisnéisíochta i gcaitheamh na bliana cuireadh oiliúint ar fhoireann an EPA faoi uirlis nua mheasúnaithe Chóras um Eolas Tíreolaíoch (GIS) a úsáid. I measc gníomhaíochtaí eile, áirítear an obair a rinneadh ar chórais feabhsaithe a fhorbairt le staitisticí sreafa abhann i suímh neamhthomhasta a mheas agus le staitisticí ar cháilíocht uisce ar stráicí éagsúla abhann a dhearbhú – táthar ag súil go gcríochnófar an dá chóras i 2007. Lean an GIS ag tacú le feidhmiú an Chreat-Treoir Uisce, go háirithe mar chuid den ról náisíunta

ó thaobh tuairisciú, a bhfuil an EPA freagrach as. Bhain Éire an chéad áit amach san AE de bharr an mheasúnaithe a rinne Coimisiún na hEorpa ar na tuarascálacha a cuireadh faoina bhráid roimhe sin faoi Alt 3 agus 5 den Treoir - toisc a soiléire, a n-iomláine agus a dtráthúla a bhí siad.

TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

Is bunstaitisticí iad Táscairí Comhshaoil a achoimríonn saincheist comhshaoil ar leith. An bua atá acu go ndéanann siad seachadadh ar eolas achomair atá creidiúnach ó thaobh na heolaíochta agus ar féidir do chinnteoirí teacht orthu go héasca. Go hachomair is chun nithe a shimpliú, a chainníochtú agus a chur in iúl iad.

Chuir an EPA trí Thuarascáil Táscaire-bhunaithe i láthair i 2006. An tuarascáil is cuimsithí orthu sin ná *Environment in Focus 2006- Environmental Indicators for Ireland*. Na bunchinntí de chuid na tuarascála sin ná:

- Athrú aeráide domhanda an príomhdhúshlán don chomhshaol sa chéad seo. Ní mór astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú go mór má tá Éire le hoibleagáidí Kyoto a chomhlíonadh.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bainistiú dramhaíola agus infrastruchtúr dramhaíola. Caithfear an fócas a dhíriú anois ar mhéid na dramhaíola a ghintear a laghdú.
- D'éirigh earnáil an tionscadail níos éifeachtaí agus méadaíodh ar líon a dtáirgí sna deich mbliana seo caite; baineadh fás tionsclaíoch amach gan ardú a theacht ar an méid dramhaíola a bhí le diúscairt.

Léaráid 1:
Cáilíocht Uisce in Éirinn



- Caithfidh ardú suntasach a theacht ar a thapúla is atá cáilíocht an uisce sna haibhneacha á feabhsú má tá Éire le ceanglais an Chreat-Treoir Uisce a chomhlíonadh. Féach ar Léaráid 1 i gcomhair sonraí faoi Cháilíocht Uisce in Éirinn.
- Tá méadú thar beart tagtha ar líon na bhfeithiclí, úsáid fuinnimh agus astuithe a ghintear in earnáil an iompair.

Tugtar staitisticí achomair sa dara tuarascáil *Water Quality in Ireland 2005 – Key Indicators of the Aquatic Environment* ar an eolas is déanaí faoi cháilíocht uisce. Léirigh torthaí na tuarascála:

- Go bhfuil cáilíocht an uisce sásúil i 70% de na haibhneacha, 90% de na lochanna agus 78% de na hinbhir agus de na huiscí feadh an chósta.
- Gur léiríodh truailliú baictéareolaíoch i 30% de shamplaí screamhuisce agus bhí 11% de na samplaí go léir thar a bheith truaillithe.
- Sháraigh thart ar 23% de na láithreacha screamhuisce a scrúdaíodh an treoirluach náisiúnta i dtaobh tiúchan nítráití in uisce óil agus sháraigh 2% acu an teorainn éigeantach.
- Tá cáilíocht ghinearálta na n-uiscí snámha fós an-mhaith in Éirinn.
- Níl glacadh ar bith lena mhinice a tharlaíonn slad éisc.

Tugadh achoimre ginearálta sa tríú tuarascáil *Air Quality in Ireland in 2005 – Key Indicators of Ambient Air Quality* ar threochtaí i leith cháilíocht an aeir sa timpeallacht agus iad bunaithe ar shonraí monatóireachta ó 25 stáisiún. De réir na Tuarascála:

- Bhí cáilíocht an aeir in Éirinn go maith tríd is tríd agus í ag teacht leis na caighdeáin i bhfeidhm ar fud na hEorpa.
- Ba i gceantair uirbeacha a raibh trangláil throm tráchta iontu ab airde a bhí na leibhéil dé-ocsaíd nítrigine agus ábhar cáithníneach (PM_{10}).
- Ní mór an difríocht a bhí idir na tiúchain d'ábhar cáithníneach (PM_{10}) i ngach lárionad daonra ar meán, óir is breosla gan toit a úsáidtear sna bailte agus sna cathracha is mó anois.

Is féidir na Tuarascálacha Táscairí sin a rochtain sa Download Centre ar shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie.

MONATÓIREACHT AR CHÁILÍOCHT UISCE

Leanadh den obair i rith na bliana ar chláir náisiúnta monatóireacha a chur i bhfeidhm maidir le screamhuiscí, uiscí taoide, lochanna agus cáilíocht bhitheolaíochta aibhneacha. Tá suirbhéanna ar 3,200 ionad abhann ar shraithchúrsa trí bliana i gceist leis an mbeart sin. An tuarascáil ar tháscairí i leith cháilíocht uisce ar tagraíodh di cheana, ba í an chéad cheann í de shraith nua atá ceaptha le hachoimrí trathúla ar thorthaí monatóireachta a sholáthar.

CÁILÍOCHT UISCE SNÁMHA

Tá cáilíocht uisce snámha na hÉireann ar ardchaighdeán i gcónaí de réir thorthaí Tuarascála a taifeadadh in 2005 *Quality of Bathing Water in Ireland* agus a foilsíodh i 2006.

Feictear ceangal sa tuarascáil idir ardcháilíocht uiscí snámha ar leithligh agus an infheistíocht a rinneadh i saoráidí cóireála ar dhramhuisce le blianta beaga anuas. Taispeánadh sa tuarascáil gur chloígh 126 den 131 ionad snámha (96%) leis na caighdeáin éigeantacha a shainítear i dTreoir an AE um Uisce Snámha agus

Léaráid 2. Mapa ar Cháilíocht Uisce Snámha na hÉireann 2005

gur chloígh 119 den 131 (91%) ionad snámha leis na caighdeáin threoirlínte atá i bhfad níos géire agus iad arna sonrú ag an AE.

AN CHREAT-TREOIR UISCE (WFD)

Tá an Chreat-Treoir Uisce (WFD) ar an gcor is suntasaí maidir le polasaí uisce an AE le 25 bliana anuas. Cuireann an Treoir creat uileghabhálach agus clár ar fáil chun cosaint fhadtéarmach ar an gcomhshaol uisce a thabhairt i gcrích. Tá sé mar aidhm aige cáilíocht uisce – idir screamhuisce agus uisce ar dhroim talún – a fheabhsú agus a chothabháil.

I Meitheamh 2006, d'fhoilsigh an EPA an Clár Monatóireachta um Chreat-Treoir Uisce le caoi a thabhairt do dhaoine dul i ndáil chomhairle leo faoi. Eisíodh fógra poiblí chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir leis an gcomhairliú sin.Cuireadh na tuairimí a fuarthas san áireamh ansin nuair a tarraingíodh suas an clár.

An clár:

- Sonraíonn an próiseas do roghnú ionad i gcomhair monatóireacht Faireachais agus Oibríochtúla a dhéanamh;
- Sonraíonn an mhonatóireacht atá le déanamh faoi gach cineál monatóireachta ar leith agus a mhinice is cóir sampláil a dhéanamh;
- Liostaítear na hionaid a roghnaíodh i gcomhair monatóireachta;
- Sanntar na tascanna monatóireachta do na húdaráis phoiblí lena gcuirtear oibleagáid reachtúil ar na húdaráis sin an mhonatóireacht a dhéanamh.

AN CLÁR HÍDRIMÉADRACH

Tiomsaítear eolas le clár hidriméadrach an EPA ar na leibhéil, ar an líon agus ar an sreabhadh ó líonra de 1500 stáisiún ar aibhneacha, lochanna agus uisce ar dhroim talún. Foilsíodh staitisticí achomair don chlár seo i rith 2006 ar shuíomh idirlín an EPA agus cuireadh eolas níos mionsonraithe ar fáil nuair a iarradh é i dtaca le réimse leathan d'fhorbairtí infrastruchtúir ar fud na tíre agus ar mhaithe le caomhnú comhshaoil, mar bhonn do bhainistíocht riosca ó thuilte agus mar threoir chun acmhainní uisce a fhorbairt. Baineadh leas as an gClár Hidriméadrach chomh maith maidir le gnéithe éagsúla den chur i bhfeidhm ar an gCreat-Treoir Uisce.

CÁILÍOCHT AEIR

I mí Iúil 2006 d'aimsigh an EPA leibhéil arda ózóin a bhí thar an gnáth. Cuireadh Met Éireann ar an eolas agus d'eisigh siad fógraí eolais poiblí i dtaca leis na torthaí faoi mar a cheanglaíonn an Treoir Ózóin orthu. Tá fáil ar gach gníomhaíocht monatóireachta a dhéantar ar fud na tíre ar shuíomh idirlín an EPA ach comh-éadan mapa-bhunaithe a úsáid.

ASTUITHE SAN AER

Cuireann an EPA sonraí faoi astuithe gáis cheaptha teasa isteach go dtí Creat-Chomhdháil na Náisiún Aontuithe um Athrú Aeráide i gcónaí.

I 2006, thiomsaigh an EPA céadtuarascáil na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto, a shocraíonn a choibhéis de 315 milliún tonna CO_2 (carbón dé-ocsaíd) mar an méid a sannadh d'Éirinn (méid iomlán na n-astuithe sa tréimhse 2008-2012) nó 63 milliún tonna sa bhliain. Lena ais sin, d'astuigh Éire a choibhéis de 68.46 milliún tonna CO_2 i 2004.

Faoin gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadréime cuireadh fardail ar aghaidh i bhFeabhra 2006 go dtí UNECE maidir le gáis aigéadaithe, miotail throma agus paraiméadair eile.

MONATÓIREACHT AR THORANN COMHSHAOIL

Tháinig na Rialacháin maidir le Torann Comhshaoil 2006 i bhfeidhm in Aibreán 2006 faoinar tra-suíodh Treoir chomhlachaithe an AE ina dhlí de chuid na hÉireann maidir le torann comhshaoil a bhainistiú agus a mheas. Sholáthair an EPA, mar an t-údarás inniúil náisiúnta, comhairle agus treorú d'údaráis léarscáilithe torann, lena n-áirítear roinnt údarás áitiúil; an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Iarnród Éireann agus an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród. Tosaíodh i rith na bliana ar an obair le mapaí straitéiseacha torainn a tháirgeadh do chéad spriocdháta an AE.

TAIGHDE COMHSHAOIL

De thoradh ar an gclár taighde atá aici, tá an EPA ag treisiú ar an eolas agus an saineolas is gá chun bainistíocht a dhéanamh ar an gcomhshaol in Éirinn agus é a chosaint.

Lean an EPA i rith 2006 ag déanamh maoiniú ar thograí nua taighde. I dtaca lena réimse siúd bhí tograí a bhain le staidéir bhoird oibre agus tograí mórscála ilbhliantúla a rinne taighdeoirí aonair amhail coláistí, insitiúidí taighde agus cuideachtaí. Tá breis is 400 togra arna maoiniú ag an EPA go nuige seo.

I 2006 sholáthair an EPA níos mó ná €7 milliún le haghaidh tograí taighde comhshaoil agus foilsíodh tuarascálacha taighde ar 25 mhórthogra. Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An tUas. Dick Roche, TD agus Coimisinéir Comhshaoil an AE, An tUas. Stavros Dimas clár nua Teicneolaíochtaí Comhshaoil de chuid an EPA i dteannta a chéile.

I 2006 d'fhoilsigh Ionad Taighde Comhshaoil an EPA (ERC) trí thuarascáil ar athrú aeráide mar aon le saincheisteanna faoi cháilíocht an aeir ó thaobh na hÉireann de.Ta fáil ar na tuarascálacha sin ar shuíomh idirlín an EPA www.epa.ie. Mhéadaigh sí a líon pearsanra go dtí 11 chomhalta taighde lánaimseartha leis. I 2006 rinne an ERC líonra stáisiún monatóireachta le haghaidh truailleáin aeir trasteorann a choimisiúnú.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

Glacadh timpeall is 23,000 sampla a ndearnadh anailís orthu maidir le réimse paraiméadar ceimice agus, nuair ba chuí, micribhitheolaíochta. Bhí timpeall is 345,000 beart tomhais anailíse i gceist leis sin. Tógadh na samplaí as aibhneacha, locha, screamhuisce, uisce taoide, síothlú ó líonadh talún, eisilteach agus astú aeir. Mar chuid de chláir mhonatóireachta náisiúnta i dtaca leis an bhforfheidhmiúchán comhshaoil agus maidir le cláir réigiúnacha thar ceann údarás áitiúil san oirdheisceart, san iarthar agus san oirthuaisceart a rinneadh an obair. Cuireadh an clár tógála saotharlann i gcrích i rith na bliana leis an méadú a cuireadh ar an bhfoirgneamh i gCaisleán an Bharraigh a osclaíodh i mí Aibreáin, agus an tsaotharlann shaindheartha a tógadh ar shuíomh nua i gCill Chainnigh um Nollaig.

AN CLÁR IDIRCHALABRÚCHÁIN

Tháinig ardú de 2 cheann go dtí 121 i 2006 ar líon na saotharlann atá páirteach i gclár idirchalabrúcháin an EPA. Tá saotharlanna de chuid údarás áitiúil agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don Ghníomhaireacht agus cúig shaotharlann réigiúnacha na Gníomhaireachta féin san áireamh. Tá clár na saotharlann, a bhforáiltear dó faoi Alt 66 d'Acht an EPA 1992 ar fáil le haghaidh a iniúchta i gCeanncheathrú an EPA agus ag www.epa.ie.

GNÍOMHAIREACHT COMHSHAOIL NA HEORPA

Is líonra comhpháirtíochta EIONET (Líonra Breathnaithe agus Eolais na hEorpa) de Ghníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa (EEA) agus de na tíortha atá rannpháirteach inti agus mar chomhaltaí aici. Tá 900 saineolaí geall leis ó 37 dtír i níos mó ná 300 gníomhaireacht náisiúnta comhshaoil inti chomh maith le comhlachais eile atá ag déileáil le faisnéis ar an gcomhshaol.

Is iad na Lárphointí Náisiúnta (NFPs) na príomhnaisc/teagmhálacha idir an EEA agus páirtithe náisiúnta de chuid EIONET. Lean an EPA, ina Lárphointe Éireann dó, den ról comhordaithe maidir le heolas a mhalartú leis an EEA agus den líonra náisiúnta a fhorbairt agus a chothabháil mar aon le teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí a chomhordú agus a éascú ag leibhéal an AE agus náisiúnta.

2 RIALACHAS CORPARÁIDE AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

RIALACHAS CORPARÁIDE AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Cuireann an Oifig Chumarsáide agus Seirbhísí Corparáide (OCCS) na córais eagrúcháin tacaíochta atá bunriachtanach ar fáil agus na struchtúir a ligeann don EPA an sainordú atá aige a chur i gcrích go críochnúil.

Tá bainistiú acmhainní daonna, sláinte agus sábháilteacht, oiliúint agus forbairt foirne, airgeadas, bainistíocht ar áiseanna, caidreamh poiblí agus cumarsáid, foilseacháin agus forbairt agus cúnamh maidir le teicneolaíocht an eolais ar fheidhmeanna OCCS.

Tá an Oifig freagrach chomh maith as straitéis eagrúcháin agus pleanáil ghnó, rialachas corparáide, an t-iniúchadh inmheánach san áireamh, comhordú ar thionscnamh seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméir an EPA agus taighde straitéiseach mar gheall ar bheartas comhshaoil.

CREATLACH STRAITÉISEACH EPA

Cuireadh an Creatlach Straitéiseach EPA 2003-2006 i gcrích go críochnúil de réir an sceidil i rith 2006 agus cuireadh tuairiscí ar an gcur i bhfeidhm faoi bhráid Bhord EPA uair sa ráithe.

Sa dara leath de 2006 tosaíodh ar an obair le straitéis nua a dhréachtadh le haghaidh EPA. Chuathas i ndáil chomhairle le gach comhalta den fhoireann agus tarraingíodh suas dréacht den straitéis eagrúcháin faoi dheireadh na bliana. Foilsíodh an straitéis nua dar teideal *2020 Vision: Protecting and Improving Ireland's Environment* i 2007 tar éis próiseas fairsing comhairlithe leis an bpobal.

RIALACHAS CORPARÁIDE

Tá an EPA dúthrachtach maidir le cloí leis na caighdeáin rialachais corparáide is airde agus cultúr an dea-rialachais a leabú i ngach Oifig agus aonad gnó dá cuid. Mar chuid den chur i bhfeidhm leanúnach ar an gCód Cleachtais maidir leis an Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit, lean an EPA ag cur an Phlean Iniúchta Inmheánaigh i bhfeidhm de réir a chéile. Bhí trí chruinniú ag Coiste an Iniúchta Inmheánaigh (IAC) in 2006. D'aontaigh an IAC agus an Bord EPA Plean Iniúchta leasaithe dhá bhliain chomh maith maidir leis an tréimhse 2007 – 2008.

Go luath i 2006 eisíodh Lámhleabhar ar Rialachas Corparáide le haghaidh Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Sinsearacha an EPA.

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DON CHUSTAIMÉIR

I 2006 cuireadh forfheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta 2003-2006 de chuid an QCS i gcrích go ráthúil i 2006. I rith 2006 rinne an EPA dhá shuirbhé ar sheirbhísí do na custaiméirí. Bhí torthaí dearfacha ar na suirbhéanna den cuid is mó agus bronnadh aiseolas ó na suirbhéanna ar gach comhalta den EPA. Fuarthas gearán amháin faoi sheirbhís don chustaiméir i 2006 agus déileáladh leis. Tá fáil ar Phlean Gníomhaíochta an QCS agus an Chairt don Chustaiméir ar shuíomh idirlín an EPA.

CUMARSÁID

Rinne oifig an chaidrimh leis na meáin san EPA plé le 740 fiosrúchán ón bpreas in 2006, ardú de 16 faoin gcéad ón mbliain roimhe. D'éirigh léi chomh maith sraith alt míosúil a sheoladh i nuachtáin réigiúnacha. Bhí saincheisteanna éagsúla EPA mar bhunús leis na hailt agus rinneadh iad a oiriúnú do gach contae/réigiún.

I mí Feabhra 2006 foilsíodh agus dáileadh cáipéis Bhuaicphointí an EPA a chuireann eolas ar fáil faoi phríombhearta an EPA le bliain anuas, agus dáileadh dhá nuachtlitir *EPANews* go forleathan i rith na bliana.

Rinne an EPA urraíocht ar an dara comhdháil bhliantúil *Environment Ireland* i mí Meán Fómhair. Cuireann an chomhdháil fóram ar fáil chun na cora is suntasaí i bpolasaí comhshaoil ó Thuaidh agus ó Dheas a phlé i bhfianaise chlár oibre an chomhshaoil agus na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, chomh maith le sárchleachtais i mbainistíocht comhshaoil agus teicneolaíoctaí nua. D'fhreastail os cionn 300 toscaire ar an gcomhdháil.

Tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcumarsáid ar líne gabhadh togra le hais d'fhonn athchóiriú a dhéanamh ar shuíomh idirlín an EPA. Seolfar an suíomh idirlín athchóirithe i mí Aibreáin 2007 leis an intinn go mbeidh sé dírithe níos mó ar úsáideoirí agus go mbeidh na sealbhóirí go léir in inmhe teacht ar eolas gan dua agus rochtain a bheith acu ar sheirbhísí EPA ar líne.

Chuaigh foireann EPA i dteagmháil le geallsealbhóirí ar réimse imeachtaí i rith na bliana, lena n-áirítear Eolaí Óg BT agus na Comórtais Náisiúnta Treabhadóireachta, agus chuir siad an taispeántas dramhaíola ar bun in ENFO.

OIDEACHAS

Craoladh an ceathrú sraith de *EcoEye* ar RTE 1 go luath in Earrach na bliana 2006. D'fhéach níos mó ná 350,000 duine ar gach clár acu. Ardú 14% de líon lucht féachana ab ea é sin ar an tsraith roimhe sin. Bhí an cúigiú sraith de *EcoEye* á tabhairt le chéile i gcaitheamh na bliana le craoladh sa chéad ráithe de 2007.

I 2006 chuaigh an EPA i gcomhpháirtíocht leis An Taisce agus chruthaigh siad Clár do Thuismitheoir Glas. An aidhm atá ag an gclár feasacht comhshaoil a ardú, tacú le gníomhaíochtaí dearfacha comhshaoil i measc daoine fásta, agus tógáil ar líonra na scoileanna glasa.

TAIGHDE POLASAÍ

D'fhoilsigh an tAonad Taighde Polasaí Straitéiseach plépháipéar i mí Lúnasa ar na deiseanna i leith thalmhaíocht, tionscal, agus bainistiú dramhaíola mar thoradh ar na forbairtí a dhéanfar ar bhreoslaí bith-fhuinnimh. Ina theannta sin thug an tAonad sraith de pháipéir Dearcadh EPA cothrom le dáta a chuimsíonn réimse saincheisteanna, ag tarraingt béime ar mhórcheisteanna comhshaoil, ról an EPA, ranna rialtais, údaráis áitiúla, agus gníomhaireachtaí eile stáit, mar aon le liosta moltaí a thabhairt faoi bhearta a dhéanfaí.

ACMHAINNÍ DAONNA

Ba 290 líon ceadaithe na foirne ag an EPA ar an 31 Nollaig, 2006. Tá timpeall 140 den fhoireann lonnaithe ag an gCeanncheathrú i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe in Oifigí Cigireachta Réigiúnacha agus in oifigí eile ar fud na tíre.

Eisíodh lámhleabhar nua foirne do gach comhalta den fhoireann i rith na bliana agus cuireadh clabhsúr ar an athbhreithniú leanúnach ar pholasaithe pearsanra agus nósanna imeachta an EPA lena chinntiú go bhfuiltear ag teacht leis an reachtaíocht agus an sárchleachtas is deireannaí.

Tháinig cúpla cor nua chun cinn maidir leis an gcóras Ama agus Tinrimh agus an córas ar Bhainistiú Eolais Acmhainní Daonna. Chuir siad sin le ról na mBainisteoirí Líne agus chuir modúl féinfhreastail ar fáil do chomhaltaí na foirne.

SEIRBHÍSÍ THEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS

Leanann seirbhísí Theicneolaíocht an Eolais de chuid an EPA ag díriú ar thiomsú, anailísiú agus dáiliúchán a dhéanamh ar réimse fairsing eolais, do na geallsealbhóirí go léir. I rith 2006, forbraíodh córais IT maidir leis na réimsí seo a leanas; Measúnú, Ceadúnú, Forfheidhmiú, Trádáil Astuithe agus Airgeadais.

Le cuidiú le ról an mheasúnaithe ag an EPA táthar tar éis teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm chun cáilíocht uisce abhann a mheas. Féadfaidh bitheolaithe a mbíonn cáilíocht uisce abhann á meas acu faisnéis a thaifeadadh go leictreonach le linn iniúchadh a dhéanamh cois abhann agus ríomhaire glún tathagach, nach loitfidh an t-uisce, a úsáid. Déantar na sonraí sin a athsheachadadh ar ais go dtí bunachar láir agus fáil orthu chun cuidiú le gníomhaíochtaí eile de chuid an EPA. An dearadh teicniúil a úsáidfear sa togra sin, déanfar é a fhorbairt agus beidh sí mar chloch coirnéil trína ndéanfaidh an EPA a córais faisnéise comhshaoil a lánpháirtiú.

Cuimsíodh roinnt áirithe bunphróiseas eile san obair fheabhsúcháin eile a rinneadh ar an gcóras i 2006. Athchóiríodh an córas uimhrithe Ceadúnas le gur féidir le cliaint an EPA agus a custaiméirí rochtain níos fearr agus níos éasca a bheith acu ar eolas maidir le hiarratais atá agus a bhí istigh ar cheadúnais agus chun déileáil leis an mborradh a thiocfaidh air amach anseo. Cuireadh le córas an Fhorfheidhmiúcháin le pleanáil a dhéanamh maidir le hiniúchtaí agus imscrúduithe, bainistiú ar neamhghéilliúnas agus anailís ar eolas a chomhtháthú. Cuireadh chomh maith leis na córais

um Thrádáil Astuithe le hanailís a sholáthar ar shonraí astúchán carbóin. Tá uasghrádú déanta ar na córais Airgeadais chun an próiseálú, anailísiú agus tuairisciú ar eolas airgeadais a fheabhsú.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Tá an EPA tiomanta go mór d'fhorbairt agus d'oiliúint foirne. Is léiriú ar an tiomantas sin 4% na hEarnála Poiblí den sprioc phárolla a chaitear go rialta, agus níos mó uaireanta, ar Oiliúint agus Forbairt. Rinneadh caiteachas ab airde ná €589,000 ar oiliúint i rith na bliana.

Bhí baill foirne páirteach i gclár de 206 cúrsa oiliúna, ceardlann, comhdháil agus seimineár in Éirinn agus thar lear i rith na bliana a mb'ionann a líon agus 1,817 lá oiliúna ar fad nó 7 lá oiliúna an duine ar meán. Rinneadh cuid mhaith oibre i rith na bliana, leis, le clár nua forbartha a thabhairt isteach do na baill foirne. An aidhm atá leis an gclár sin ná a chur ar chumas na rannpháirtithe na buninniúlachtaí riachtanacha iompair a aithint le go gcomhlíonfaidh siad a bpoitéinseal sna róil atá acu faoi láthair is a bheidh acu amach anseo.Rinneadh clár nua cóitseála a thionscnamh chomh maith ag deireadh na bliana. Léirigh an EPA an dúthracht chéanna arís maidir le tacaíocht a thabhairt do na baill foirne sin a mbíonn cúrsaí ábhartha á leanúint acu ina gcuid ama féin.

SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS LEAS

Tá an EPA tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta/Cóid Chleachtais agus trí oiliúint oiriúnach, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil. Tá teist gan cháim ar an EPA i gcónaí ó thaobh sábháilteachta de is a rá nár tharla aon drochthimpistí i gcúrsaí oibre i 2006.

Cuireadh béim ar aird níos mó a tharraingt ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, trí Sheachtain Sábháilteachta EPA a eagrú agus clár oiliúint sábháilteachta forleitheadach, lena n-áirítear cur i láthair don fhoireann go léir ar fheasacht sábháilteachta tiománaithe. Tugadh athbhreithniú grinn agus uasghrádú ar Ráiteas Sábháilteachta EPA chun críche ar mhaithe leis an Acht Leasa, Sláinte & Sábháilteachta 2005 a chomhlíonadh.

Chinn an Coiste Comhairleach um Chomhshábháilteacht EPA i 2006 go ndéanfadh foireann EPA iniúchtaí seachtracha ar ghníomhaíochtaí de chuid an EPA a bhféadfadh priacail mhór a bheith ag baint leo. Chinn sí chomh maith saineolaithe ón taobh amuigh a fhostú le hiniúchadh seachtrach a dhéanamh ar an gClár Bainistithe Sábháilteachta agus Ráitis Sábháilteachta EPA. Tugadh an próiseas roghnaithe le hiniúchóirí seachtracha a cheapadh chun críche roimh dheireadh na bliana.

Agus a fhios acu gur féidir duine a shábháil ón mbás nuair a tharlaíonn stad cairdiach ach dífhilibriú luath a dhéanamh, ghabh an EPA clár píolóta lena hais chun dífhibrileoirí (AEDs) a shuiteáil ina cuid ionad go léir. Seoladh an clár AED i rith Seachtain Sábháilteachta i nDeireadh Fómhair 2006 nuair a rinneadh AED-anna a shuiteáil agus foireann a oiliúint in dhá ionad mar thús.

COMHAONTÚ NÁISIÚNTA

Cuireadh an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn agus ráiteas ginearálta a Plean Gnímh Choinneáil an Dul chun Cinn faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil i 2006 agus ghlac sí léi. Chuir an EPA na spriocanna feidhmíochta a aithníodh i bPlean Gnímh Choinneáil an Dul chun Cinn i gcrích go slachtmhar.

Faoin gComhaontú Náisiúnta nua, i dTreo 2016, cuireadh Plean Gnímh nua i dtoll a chéile agus ghlac an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis. Díríonn an plean gnímh sin ar cheisteanna ar nós úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní, seirbhís don chustaiméir, e-rialtas chomh maith le nuachóiriú eagrúcháin agus solúbthachta

Bhí páirt shuntasach ag Coiste Páirtnéireachta an EPA sa mhaoirseacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gnímh Choinneáil an Dul Chun Cinn mar aon le Plean Gnímh i dTreo 2016 a fhorbairt.

COISTE COMHAIRLE

Cheap an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ceathrú Coiste Comhairle EPA ar an 28 Feabhra 2006. Trí bliana an téarma oifige a bheidh ag an gcoiste nua. Tionóladh ceithre chruinniú i 2006.

BORD AN EPA

Bhi daichead cruinniú ag Bord an EPA i 2006 lena n-áirítear 28 cruinniú teicniúil.

SAORÁIL FAISNÉISE (FOI)

Tháinig 18 iarratas FOI chuig an EPA i rith 2006. Astu sin, tugadh an fhaisnéis iomlán i gcás 3 iarratas acu, páirt den fhaisnéis i gcás 5 cinn, tarraingíodh siar 1 amháin, pléadh le 1 amháin taobh amuigh de FOI agus diúltaíodh 6 iarratas. Bhí dhá achomharc arna meas i gcónaí ag Oifig an Choimisinéara ag deireadh 2006.

Tháinig iarratas amháin ar athbhreithniú inmheánach agus rinneadh é sin a achomharc le hOifig an Choimisinéara Faisnéise ina dhiaidh sin. Bhí an t-achomharc sin mar aon le hachomharc roimhe sin ón mbliain 2004 arna meas i gcónaí ag Oifig an Choimisinéara ag deireadh na bliana.

CLÁR CAIPITIL

Lean an EPA orthu ag féachaint le breis cóiríochta a chur ar fáil i dtrí ionad ar leith. Tugadh an obair leathnúcháin ar an bhfoirgneamh Cigireachta Réigiúnach i gCaisleán an Bharraigh chun críche faoi dheireadh na Márta i mí na Nollag 2006 chomh maith le hOifig Chigireachta nua Réigiúnach a thógáil i gCill Chainnigh, i Nollaig 2006. Fuarthas cead pleanála i mí na Nollag le haghaidh leathnúchán buan a chur le Ceanncheathrú EPA i Loch Garman.

COMHAIRLEOIRÍ

Bhain an EPA leas as seirbhísí comhairleoirí éagsúla i rith 2006. Tugtar liosta de na comhairleoirí a fostaíodh (lena n-áirítear iad siúd a bhí páirteach sa Chlár (ERTDI) um Thaighde Comhshaoil agus Fhorbairt Teicneolaíochta) ar Thábla 5.

Tábla 5
Comhairleoirí a Fostaíodh i 2006

Achilles Procurement Services	Hook Head Training & Consulting
Alan Matthews	Indecon (Ireland)
Alcontrol Geochem (Ireland)	Infratec
Alcontrol Laboratories	Institute of Public Administration
AMAS Ltd	Isoniq Ltd
Analytical & Environmental Services	Land Quality Management Ltd
Anne Jones Media & Communications	LHM Casey McGrath
Aquatic Services Ltd	M.C. Database Solutions Ltd
Barry Doyle & Company	Mason Communications Ireland Ltd
Cantab Consulting (Kent) Ltd	McKitterick & Hand Ltd
Carr Communications Ltd	Media Watch Ltd
Clara Clark Event Management	Moloney & Associates
Clean Technology Centre	Murray Consultants Ltd
Compass Informatics Ltd	N.U.I. Galway
Complete Network Technology	Newstead Consulting Ltd
Consultnet Ltd	Nicholas Kenny
Coyle Hamilton Willis	Paul Mooney Associates
Dataworks Ltd	PWC
Deloitte	Propylon
Dr David Drew	Rits
E.G. Pettit & Company	RPS Group
Enviros Consulting Ltd	Secureway Ltd
Enviros Consulting UK Ltd	Shane Byrne
ESRI Ireland Ltd	SLR Consulting Ltd
Euro Environmental Services	Tartan Technologies Ltd
Euro Gas Ltd	Terminal Four
Forfás	Timothy Mulvey
Geological Survey of Ireland	TMS Environment Ltd
Gerhardt Gallagher	URS Ireland Ltd
Great Place to Work Institute Ireland	Vincent Gallagher
Greta (UK DoE)	Whitehopleman

Áirítear sa liosta seo na comhairleoirí ar íocadh níos mó ná €1000 leo i 2006.

AN tACHT UM ÍOC PRAS CHUNTAS, 1997.

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Chuntas i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998. Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí tagartha an Achta. Seo a leanas tuairisc ar chleachtais íocaíochta an EPA don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006.

Is é polasaí an EPA a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá córais shainiúla agus modhanna imeachta curtha i bhfeidhm ionas gur féidir súil a choinneál ar shonraisc agus lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta a bhfuil an íocaíocht dlite. Coinnítear cuntas ar shonraisc cheannacháin ar bhonn laethúil sa Roinn Cuntasaíochta, agus leantar suas iad go rialta lena chinntiú go bhfuileadar deimhnithe agus curtha ar aghaidh le n-íoc gan aon mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar a oireann le híocaíocht pras a chinntiú.

Tá na rialuithe seo ceaptha chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a sholáthar chun neamhchomhlíonadh an Achta a sheachaint.

Bhí 115 íocaíochtaí deireanacha le luachanna de níos mó ná €317 in 2006 agus chuaigh siad seo thar an meán de 18 lá ón dáta a raibh an íocaíocht dlite. Ba €464,875 luach na n-íocaíochtaí deireanacha seo. Ar an iomlán b'ionann íocaíochtaí deireanacha agus 2.7% de luach iomlán na n-íocaíochtaí atá cludaithe ag an Act, le hús iomlán pionós de €2,262.

Mary Kelly

Mary Kelly
An t-Ard-Stiúrthóir, 3 Meán Fomhair 2007

Aguisín 1

AGUISÍN 1

FOILSEACHÁIN EPA 2006

Tá an chuid is mó d'fhoilseacháin EPA ar fáil le híoslódáil ó shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie.

Is féidir gach foilseachán a cheannach ar líne chomh maith nó ó EPA Publications' Sales ag +353 1 2680100.

CORPARÁID

- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais EPA 2005
- EPA – Buaicphointí na bliana 2005
- An Comhshaol i bhFócas 2006 – Táscairí Comhshaoil maidir le hÉirinn
- Fócas ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil 2004-2005
- Comhshaol na hÉireann – Cad a dhéantar agus cé a dhéanann é?
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – Cé sinne, A ndéanaimid
- epaNews Aibreán 2006
- epaNews Lúnasa 2006

AER

- Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2004 - 2006 (idirlíon amháin)
- Tuarascáil Fhardal Náisiúnta 2006

UISCE

- Tuarascáil Eatramhach ar an Suirbhé Bitheolaíochta um Cháilíocht Uisce Abhann – Torthaí na nImscrúduithe a rinneadh i 2004
- Cáilíocht Uisce in Éirinn 2005 – Bun-Táscairí an Chomhshaoil Uisce
- Cáilíocht an Uisce Óil in Éirinn – Tuarascáil don bhliain 2005 (maille le CD ROM)

- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2005 (suíomh idirlín amháin)
- Rialacháin Fosfar – Tuarascáil ar Fheidhmiú Náisiúnta 2005

DRAMHAÍL

- Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2004
- An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola - Tuarascáil Bhliantúil 2005

TUARASCÁLACHA SPEISIALTA

- Aireachtáil, Dearcaí agus Luachanna an Phobail i leith an Chomhshaoil – Suirbhé Náisiúnta

NÓTAÍ TREORACHA

- Treoirlínte um Bainistiú Comhshaoil: Bainistíocht Comhshaoil sa Tionscal Eastóscach (Mianraí Neamhsceidealta)
- Treoir maidir le Measúnacht Dliteanais Riosca Comhshaoil, Pleananna Bainistíochta Iarmharach agus Forálacha Airgeadais

TUARASCÁLACHA TAIGHDE COMHSHAOIL

- Réabairí Inchríneacha i dTimpeallacht Uisce na hÉireann
- Dearcaí agus Iompar i leith an Chomhshaoil – Luachanna, Gníomhaíochtaí agus Bainistiú Dramhaíola (Tuarascáil Shintéiseach)
- Eotrofú ó Chúiseanna Talmhaíochta – Comparáid idir SWAT HSPF and SHETRAN/GOPC Samhlacha Fosfair do Thrí Cheantar de chuid na hÉireann (Tuarascáil Shintéiseach)
- Eotrofú ó Chúiseanna Talmhaíochta – Tiúchan Fosfair agus Sreabhadh (Tuarascáil Deiridh)
- Eotrofú ó Chúiseanna Talmhaíochta – Tréithe Ceantar a cheangal le Tiúchain Fosfair in aibhneacha na hÉireann (Tuarascáil Deiridh)
- Eotrofú ó Chúiseanna Talmhaíochta – Samhlacha agus Scéimeanna Measúnaithe Riosca le Caillteanas Fosfair in Uisce a Thuar (Tuarascáil Deiridh)
- Truailliú Aeir – Anailís ar Shamhlacha Scaipthe Aeir do Chúinsí Bóithre na hÉireann (Tuarascáil Shintéiseach)
- Cuntais ar Shreabhadh Ábhair (MFA-anna). Taispeántas d'Éirinn (Tuarascáil Shintéiseach))
- Athrú Aeráide – Usáid Talún, Athrú in Úsáid Talún agus Stoc Carbóin (Tuarascáil Shintéiseach)
- Treochtaí Fadtéarmacha i dTruailleáin Atmaisféir ag Réadlann Oileán Dairbhre, Éire.
- Sonraí Náisiúnta le haghaidh Samhaltú Comhtháite Measúnaithe faoin gClár Aer Glan don Eoraip
- Athbhreithniú ar Shuímh Faire Atmaisféir Dhomhanda in Oileán Dairbhre agus Ceann Mhása, Éire.

3

RÁITIS AIRGEADAIS

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSAOIL RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Rialuithe Airgeadais Inmheánacha
- Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta
- Clár Comhardaithe
- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
- Nótaí do na Ráitis Airgeadais

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta. Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad. Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta. Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airdeadais.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2006 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Purcell, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meán Fomhair 2007

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Éilíonn Alt 50(1) d'Acht an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ar an EPA ráitis airgeadais a ullmhú de réir mar a cheadaíonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin dá n-ullmhú, ceanglaítear ar an EPA:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, sin muna mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an EPA uirthi ag feidhmiú;
- aon imeacht ábharthach ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a fhaisnéisiú agus a mhíniú.

Tá an EPA freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an EPA agus a chuireann ar chumas na gníomhaireachta a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 50 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá an EPA freagrach freisin as a cuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnacha a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Mary Kelly

An t-Ard Stiúrthoir

Stiúrthóir

3 Meán Fomhair 2007

RÁITEAS FAOI RIALUITHE AIRGEADAIS INMHEÁNACHA

1. Thar ceann Bhord Stiúrthóirí an EPA, admhaím ár bhfreagracht maidir le cinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialuithe airgeadais inmheánacha, maidir le cuntais na Gníomhaireachta a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an nGníomhaireacht a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí na Gníomhaireachta chomh maith gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtabharfaí faoi deara go tráthúil iad.

3. Na Príomhbhearta Rialaithe

   i) Tá bearta déanta ag Stiúrthóirí na Gníomhaireachta chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den Ghníomhaireacht trí:

   - Ráiteas Straitéise an EPA 2003-2006 a fhoilsiú. Foilseofar Straitéis nua i 2007 a chuimseoidh an tréimhse 2010.
   - Clár oibre mionsonraithe a aontú maidir le gach bliain, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaca leis an gclár oibre ar bhonn rialta.
   - Cruinnithe Boird a thionól go rialta chun bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar obair na Gníomhaireachta.
   - Coiste Iniúchta Inmheánaigh a bhunú, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an gcomhshaol rialúcháin agus nósanna rialaithe laistigh den Ghníomhaireacht, le feidhm na hInúchta Inmheánaigh a mhaoirsiú agus an Bord a chomhairliú i ndáil leis an bhfeidhmiú féin agus forbairt na feidhme sin.
   - Polasaí Bainistíochta Riosca a bhunú agus a fheidhmiú.
   - Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur i bhfeidhm do gach ball foirne.
   - Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go sainiúil.
   - Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chucu féin d'fhonn a rialú ar na gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó na Gníomhaireachta.
   - Sceideal cuimsitheach de shocruithe árachais a choimeád chun leas na Gníomhaireachta a chosaint.
   - Rialacháin agus buanorduithe a chur ar bun agus a leanúint maidir le gnó an Bhoird a reáchtáil.
   - Cinntiú go sásaítear ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Altanna 37 & 38 den Acht um An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, maidir le Deimhniú agus Nochtadh ar Leasanna.
   - Feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí sin.
   - Athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta uile na Gníomhaireachta.
   - Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais maidir leis an Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit.

   ii) I rith 2006 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Rioscaí EPA de réir an Pholasaí Bainistithe Rioscaí EPA agus ullmhaíodh Clár Rioscaí Corparáide. Soláthraíonn gach Stiúrthóir ráitis dearbhaithe ráithiúil don Ard-Stiúrthóir ag admháil na freagrachta atá air as an gclár riosca ina (h)Oifig a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach, as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh

air agus as a chinntiú go gcuirfear an Polasaí Bainistithe Riosca i bhfeidhm.

iii) Tá córas na rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar eolas bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus freagrachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus ar dhianseiceáil leanúnach ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear air go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann buiséad bliantúil a ndéanann Bord na Stiúrthóirí athbhreithniú agus forcheadú air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht maidir le feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe.
- Údarás maidir le gach íoc amach ar airgead na Gníomhaireachta, le híoc na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, agus na gcostas srl. a shrianadh do Stiúrthóirí agus do thriúr Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar gach íocaíocht a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta) ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na mbuiséad.
- Spriocanna a shocrú chun an fheidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Disciplíní bhainistiú tionscadail maidir le cláir thógála agus mórthionscadail chomhairleoireachta.
- Cuntasaíocht Airgeadais nua-aimseartha ar ríomhaire agus córais bhogearraí Phárolla, mar bhonn le rialuithe airgeadais inmheánacha na Gníomhaireachta.
- Nósanna imeachta maidir le comhairleoirí a fhostú.
- Córas rialaithe maidir le ceadú ginearálta chonarthaí caipitil agus comhairleoireachta.

iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas measúnaithe rioscaí gnó agus le hullmhú Phlean Iniúchta Inmheánaigh an EPA. Déanfar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnitheach an phlean iniúchta reatha. Eisíodh nósanna imeachta chun tréithe airgeadais suntasacha ghnó na Gníomhaireachta a rialú, agus tá uasteorainneacha údaraithe leagtha síos ag an mBord maidir le ceannachán.

v) Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchta Inmhéanaigh na Gníomhaireachta chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh in ionad páirt ag Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ionadaithe sinsearacha ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchta Inmheánaigh an EPA 2006 – 2007 a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus rinneadh 3 iniúchadh inmheánach i rith 2006. Bhain siad sin leis na réimsí seo a leanas:

- Taisteal agus Cothabháil
- Oifig Fhorfheidhmiúcháin Comhshaoil & Athbhreithniú Caiteachais ar Chlár Náisiúnta do Chosc Dramhaíola agus
- Slándáil na Teicneolaíochta Faisnéise, Leanúnachas agus Téarnamh ó Anachain

D'aontaigh an Coiste Iniúchta agus Bord na Gníomhaireachta le pleananna feidhme chun díriú ar mholtaí ón iniúchadh. Déantar

athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn i gcur na mbeart sna Pleananna Feidhme go léir i bhfeidhm agus tuairiscítear mar gheall air don Choiste Iniúchta agus don Bhord.

Forbraíodh Plean Iniúchta Inmheánaigh don tréimhse 2007- 2008 i 2006 i bhfianaise rioscaí a sonraíodh i gClár na Rioscaí chomh maith le forbairtí agus saincheisteanna maidir leis an Rialachas Corparáide a tháinig chun cinn go ginearálta san Earnáil Phoiblí le trí bliana anuas. D'aontaigh an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord EPA an Plean Iniúchta Inmheánaigh.

Cuireadh Lámhleabhar Rialachais Chorparáide i dtoll a chéile le haghaidh Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Sinsearacha an EPA agus eisíodh chuig gach Stiúrthóir agus Bainisteoir Sinsearach é go luath i 2006.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Is féidir liom a dhearbhú go ndearna an EPA athbhreithniú foirmiúil ar na córais rialaithe airgeadais inmheánaigh i gcomhair 2006, chomh maith leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh agus a luaitear in alt 3 (v) thuas. Rinneadh an t-athbhreithniú sin ag baint leasa as saineolas ón taobh amuigh arna bhunú ar mhionscrúdú ar cháipéisíocht bhainistíochta airgeadais agus rialaithe. Ghlac an Bord le Plean Forfheidhmiúcháin d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na moltaí chun barr slachta a chur ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh i 2006 agus tá sé sin á chur i bhfeidhm.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

3 Meán Fomhair 2007

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1 BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún an chostais stairiúla agus san fhoirm arna cheadú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le cead an Aire Airgeadais de réir Alt 50 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar atá luaite thíos, agus de réir na bprionsabail chuntasaíochta a bhíonn glactha leo go ginearálta. Glactar le caighdeán tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas a taispeáintear sna figiúirí.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Ní mór d'iarratasóirí táille iomlán ceadúnais an iarratais ceadúnais a íoc agus iad ag déanamh an iarratais. Cionroinntear na méideanna a fhaightear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais tar éis na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnais a bheith tugtha chun críche.

- Iarratas 30%
- Cinneadh Molta 50%
- Saincheist Ceadúnais 20%

4 MAOINIÚ AONAD ASTUITHE TRÁDÁLA

Bunaíodh an tAonad Astuithe Trádála (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht in 2003. In 2006 d'aisghabh an Ghníomhaireacht costais an ETU ó fháltais ó cheanntanna liúntais a reáchtáladh le linn 2006 le costais riaracháin na scéime astuithe trádála a íoc. Tá

an ceannt chainníochta seo de liúntais iomlána (nach mó ná 1%) soláthraithe ag an treoir Rialtais don Ghníomhaireacht i ndáil le scéim astuithe trádála an AE. Déandh páirt-mhaoiniú ar chostais an ETU in 2005 ó mhaoiniú deontais agus rinneadh an chuid eile a aisghabháil ó fháltais cheanntála.

Aithnítear fáltais cheantála a choinníonn an Ghníomhaireacht chun an ETU a mhaoiniú mar ioncam de chuid na Gníomhaireachta ag teacht leis na costais ghaolmhara. Íoctar na fáltais cheantála nach mbíonn ag teastáil chun costais an ETU a mhaoiniú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ní chaitear leo mar ioncam de chuid na Gníomhaireachta.

5 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Léirítear sócmhainní seasta ag costas lúide carnú dímheasa. Soláthraítear dímheas ar bhonn líne díreach ag na rátaí atá luaite thíos atá measta chun na sócmhainnaí a laghdú go dtí a luach inréadaithe ag deireadh a saolré measta:

▼ Foirgnimh	2%
▼ Troscán agus Fearais	10%
▼ Trealamh Saotharlainne & Allamuigh	15%
▼ Trealamh TF agus Ríomhaireachta	25%
▼ Mótarfheithiclí	20%

6 MAOINIÚ CAIPITIL

Íoctar sócmhainní seasta agus airleacain an EPA le maoiniú a dhéanamh ar obair ar láimh agus ceannach sócmhainní ó mheascán de dheontais chaipitil, iasacht atá ceadaithe agus leithdháiltí ioncaim reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais (ar a n-áirítear é sin a úsáidtear chun iasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil atá amúchta ag teacht le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

7 STOIC

Díscríobhtar na stoic ar fad, ar a n-áirítear earraí inchaite sa bhliain ceannachta.

8 FÉICHIÚNAITHE

Déantar soláthar d'fhiacha amhrasacha sna cuntais, de réir mar a dhlitear. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos - in aghaidh an tsoltáthar sin.

9 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsin shochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuilltear ar a n-áirítear airgead a bhíonn ar fáil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníoca pinsean a asbhaintear as tuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníoca pinsean na foirne a choimeádann an Ghníomhaireacht. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn do mhuirear pinsean mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil agus déantar é a fhritháireamh ó dheontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireach ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlán Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha na sócmhainní comhfhreagrach atá le haisghabháil ón Roinn Oidhreachta, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

		2006	2005
Ioncam	**Nóta**	€	€
Deontais Oireachtais	1	29,099,203	25,051,463
Costais Astuithe Trádála Inghnóthaithe	2	1,237,454	421,671
Idirchailibíocht Saotharlainne agus Seirbhísí Eile		552,356	257,814
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,955,690	1,837,877
Gníomhaíochtaí Ceadúnais	3	965,689	925,794
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	4	7,158,841	6,928,920
Admhálacha Ilghnéitheacha	5	188,729	207,424
Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin	18(b)	5,232,636	4,123,525
		46,390,598	**39,754,488**
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	6	15,557,564	13,598,682
Costais Phinsin	18(c)	6,096,070	5,179,770
Costais Taistil	7	1,401,390	1,250,541
Costais Saotharlanna agus Allamuigh	8	930,540	898,197
Costais Lóistín	9	1,185,859	912,049
Costais Eile Riaracháin	10	4,840,423	4,961,101
Sainchomhairleoirí agus deontais		4,486,822	3,165,264
Taighde Comhshaoil		6,967,701	7,014,901
Dímheas	15	1,615,826	1,595,389
		43,082,192	**38,575,894**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	11	2,749,679	1,309,549
		45,831,874	**39,885,443**
Barrachas Oibríochta / (Easnamh)		**558,724**	**(130,955)**
(Easnamh) / Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		(170,208)	4,992
Barrachas / (Easnamh) roimh Ús		**388,516**	**(125,963)**
Ús Faighte	12	1,653	1,007
Ús Iníoctha agus Muirir eile den Chineál Céanna	13	(102,430)	(106,736)
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		**287,739**	**(231,692)**
(Easnamh) / Barrachas ag 1 Eanáir		(249,893)	(18,201)
Barrachas / (Easnamh) ag 31 Nollaig		**37,846**	**(249,893)**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus an ráiteas ar shreabhadh airgid mar aon le nótaí 1 to 21.

Mary Kelly

An t-Ard Stiúrthoir

Stiúrthóir

3 Meán Fomhair 2007

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL RÁITEAS GNÓTHACHAN AGUS CAILLTEANAS IOMLÁN

	Nóta	2006 €	2005 €
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		287,739	(231,692)
Taithí caillteanais ar dhliteanais na scéime pinsin		(9,891,000)	(4,076,000)
Athruithe i mbonn tuisceana a bhíonn mar bhonn de luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		(3,056,364)	(7,600,475)
Caillteanas achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	18(f)	**(12,947,364)**	**(11,676,475)**
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin		**12,947,364**	**11,676,475**
Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán don bhliain		**287,739**	**(231,692)**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus an ráiteas ar shreabhadh airgid mar aon le nótaí 1 to 21.

Mary Kelly

An t-Ard Stiúrthoir

Stiúrthóir

3 Meán Fomhair 2007

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL CLÁR COMHARDAITHE

MAR A BHÍ AG 31 NOLLAIG 2006

	Nóta	2006 €	2005 €
Sócmhainní Seasta	15	23,739,239	18,399,887
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	16	4,576,573	6,566,070
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc		8,675,905	1,459,128
		13,252,478	8,025,198
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	17(a)	12,127,982	4,353,470
Glan-Sócmhainní Reatha		1,124,496	3,671,728
Creidiúnaithe (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	17(b)	(2,748,594)	(2,993,892)
Sócmhainní Iomlán lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin		22,115,141	19,077,723
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	18(d)	98,980,000	80,800,000
Dliteanais Phinsin	18(e)	(98,980,000)	(80,800,000)
		0	0
Sócmhainní Iomlán lúide Dliteanais Reatha		22,115,141	19,077,723
Léirithe ag:			
Cuntas Caipitil	11	22,077,295	19,327,616
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		37,846	(249,893)
		22,115,141	19,077,723

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus an ráiteas ar shreabhadh airgid mar aon le nótaí 1 to 21.

Mary Kelly

An t-Ard Stiúrthoir

Stiúrthóir

3 Meán Fomhair 2007

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

	Nóta	2006 €	2005 €
Réiteach Barrachais / (Easnamh) chuig Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta			
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		**287,739**	**(231,692)**
Ús faighte	12	(1,653)	(1,007)
Easnamh / (Barrachas) ar Dhiúscairt Trealaimh		170,208	(4,992)
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	11	2,749,679	1,309,549
Muirear dímheasa don bhliain	15	1,615,826	1,595,389
Laghdú / (Méadú) i bhFéichiúnaithe		1,989,497	(1,937,921)
Méadú/ (Laghdú) i gCreidiúnaithe (seachas Creidiúnaithe Iasachta)		7,763,059	(2,272,238)
Glan insreabhadh/(eis-shreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta		**14,574,355**	**(1,542,912)**
Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús faighte		1,653	1,007
Gníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil		(7,125,386)	(1,372,457)
Glan insreabhadh/(eis-shreabhadh) airgid roimh Mhaoiniú		**7,450,622**	**(2,914,362)**
Maoiniú			
Iasachtaí Aisíoctha		(233,845)	(227,489)
Méadú/ (Laghdú) Méadú in Airgead Tirim		**7,216,777**	**(3,141,851)**
Réiteach ar ghlan insreabhadh airgid tirim chuig gluaiseacht in iarmhéid airgid thirim			
Méadú / (Laghdú) in airgead tirim sa bhliain		7,216,777	(3,141,851)
Maoiniú ag 1 Eanáir		1,459,128	4,600,979
Maoiniú ag 31 Nollaig		**8,675,905**	**1,459,128**

Tá an ráiteas ar na polasaithe cuntasaíochta mar aon le nótaí 1 go 21mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Mary Kelly

An t-Ard Stiúrthoir

Stiúrthóir

3 Meán Fomhair 2007

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 Deontais Oireachtais

Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:

		2006 €	2005 €
Deontais ón Vóta	**Reatha**	14,290,123	12,529,674
	Caipiteal	3,985,131	2,519,000
	Deontas - Gníomhaíochtaí Astuithe Trádála	0	400,972
	Maoiniú Taighde	7,000,000	7,000,000
	Cláir Eile	3,823,949	2,601,817
		29,099,203	**25,051,463**

Is leithdháileadh sainiúil í an Mhaoiniú Taighde chun costais Thaighde Chomhshaoil a sheasamh. Caitheadh €6,967,701 ar na gníomhaíoctaí taighde seo in 2006 (2005 €7,014,901).

2 Gníomhaíochtaí an Aonaid Astuithe Trádála

	€	€
(a) Costas an Aonaid Astuithe Trádála	1,237,326	822,643
Deontais Státchiste a fuarthas chun maoiniú a dhéanamh ar an ETU	0	400,972
Táillí Cláraithe Oibreoir Astuithe Trádála	1,950	16,800
Costais atáthar a lorg ó Cheaint Liúntais	1,235,376	404,871
Maoiniú Iomlán ar Chostais ETU	**1,237,326**	**822,643**
(b) Achoimre ar Chistí Aonad Trádála Astuithe 2006		
Na Cistí Iomlána a Cruthaíodh 2006	13,273,337	
Iarmhéid Chostais ETU 2005	(404,871)	
Costais Iomlána ETU 2006	(1,237,454)	
Soláthar do Chostais ETU 2007	(1,500,000)	
Fáltais 2006 iníoctha leis an DoEH&LG	**10,131,012**	
Íoctha leis an DoEH&LG i mí Mheán Fómhair 2006	(4,682,632)	
Iarmhéid ar Fháltais ETU 2006 iníoctha leis an DoEH&LG amhail an 31/12/2006	**5,448,380**	
(Féach Nóta 17(a))		

3 Gníomhaíochtaí Ceadúnais - IPPC agus Dramhaíl

	€	€
Táillí Ceadúnais réamhíoctha ag 1 Eanáir	736,076	892,448
Táillí Faighte	1,127,366	772,222
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	(32,299)	(2,800)
Táillí Ceadúnais réamhíoctha ag 31 Nollaig	(865,454)	(736,076)
Méid curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais	**965,689**	**925,794**

De réir Alt 83 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as ceadúnais a thabhairt do phróisis mhóra/ chasta tionsclaíochta a mbeadh féidearthacht shuntasach truaillithe ag baint leo. Faoi Alt 40 d'Acht um Bhainistiú Dramhaíola, 1996 tá an EPA freagrach as gníomhaíochtaí diúscairt dramhaíola agus athshlánaithe a cheadú atá á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Is ó tháillí a ghearrtar maidir le próiseáil a leithéid d'iarratais cheadúnais a thagann ioncam ceadúnais an EPA.

4 Gníomhaíoctaí Forfheidhmithe - IPPC agus Dramhaíl	2006 €	2005 €
Costais Fhorfheidhmithe a Gearradh	**7,158,841**	**6,928,920**

De réir Alt 96 d'Acht an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as ceadúnais a thabhairt do phróisis mhóra/chasta tionsclaíochta a mbeadh féidearthacht shuntasach truaillithe ag baint leo. Faoi Alt 15 d'Acht um Bhainistiú Dramaíola, 1996 tá an EPA freagrach as gníomhaíochtaí diúscairt dramhaíola agus athshlánaithe a cheadú atá á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúa agus ag fiontair phríobháideacha. Is ó tháillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta a thagann ioncam forfheidhmithe an EPA.

5 Admhálacha Ilghnéitheacha	€	€
Éilimh árachais	524	800
Díolachán foilseacháin	33,222	37,369
Ilghnéiteach	154,983	169,255
	188,729	**207,424**

6 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne		€	€
(a) Tuarastail		14,461,834	12,671,311
ÁSPC an Fhostóra		1,095,730	927,371
		15,557,564	**13,598,682**
(b) An líon fostaithe ag 31 Nollaig:			
Ceanncheathrú	Loch Garman	135	119
Cigirí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	27	21
	Corcaigh	30	30
	Baile Átha Cliath	68	62
	Cill Chainnigh	15	15
	Muineachán	11	11
Oifigí Réigiúnacha:		8	8
		294	**266**

7 Speansas Taistil	€	€
Taisteal agus Cothabháil	1,296,513	1,160,014
Speansas Mótarfheithiclí	120,447	105,435
Aisíocaíochtaí Taistil	(15,570)	(14,908)
	1,401,390	**1,250,541**

8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh	2006 €	2005 €
Speansas Saotharlainne agus Allamuigh	652,843	576,718
Deisiú agus Cothabháil Trealamh	261,448	308,533
Éadach Cosanta	16,249	12,946
	930,540	**898,197**

9 Costais Chóiríochta	€	€
Cíos agus Rátaí	335,706	298,325
Cumhacht, Solas agus Teas, Glanadh	529,229	443,483
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	320,924	170,241
	1,185,859	**912,049**

10 Costais Eile Riaracháin	€	€
Teileafón agus Postas	280,689	258,417
Priontáil Foilseacháin agus Soláthairtí Staiseanóireachta	512,678	481,099
Árachas	96,324	86,513
Costais Ríomhaireachta agus Próiseáil Sonraí	1,543,563	1,315,080
Táille Iniúchta	14,400	14,400
Rialachas Corpáideach agus Costais Iniúchta Inmheánach	83,967	133,498
Táillí Dlí	435,722	175,474
Costais Cheapúchán Foirne	110,901	95,185
Ús agus Costais Bhainc	5,304	4,995
Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann	86,488	86,810
Forbairt Foirne agus Costais Oiliúna	579,280	485,482
Fógraíocht	481,388	234,094
Cumarsáid	527,507	938,973
Díscríobh Muirir Fhorfheidhmithe Neamhinghnóthaithe	0	584,404
Ilghnéitheach	82,212	66,677
	4,840,423	**4,961,101**

11 Cuntas Caipitil

		€	€
Amhail 1 Eanáir 2006			19,327,616
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:			
Leithdháileadh ioncam ar mhaithe le cuspóirí caipitil	**Breiseanna Sócmhainní Seasta**	3,789,196	
	Chun Breiseanna a Mhaoiniú sa Todhchaí (Féach Nóta 16)	584,377	
	Aisíoc Iasachtaí	233,845	
		4,607,418	
Lúide:			
Diúscairt Sócmhainní Seasta ag Costas		1,278,414	
Lúide dímheas roimhe seo ar dhiúscairt		(1,036,501)	
		241,913	
Costas dímheasa don bhliain		1,615,826	
Glan-Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			2,749,679
Amhail 31 Nollaig 2006			**22,077,295**

	2006	**2005**
12 Ús Faighte	€	€
Ús ar chuntas taisce banc	1,653	1,007
	1,653	1,007

13 Ús Iníoctha agus Muirir den Chineál Céanna	€	€
Iasachtaí Bainc atá iníoctha i dtráthchodanna	102,430	106,736
	102,430	106,736

14 Cánachas

Tá an EPA díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá bhrí sin ní áirítear aon mhuirir chánachais sna cuntais seo.

15 Sócmhainní Seasta

	Iomlán	Foirgnimh	Troscán & Fearais	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Sao & Alla	Mótar fheithiclí
	€	€	€	€	€	€
Costas						
Amhail 1 Eanáir 2006	33,587,082	17,783,663	2,256,729	3,829,391	8,843,193	874,106
Aistrithe ó Réamhíocaíochtaí	3,407,895	3,307,895	0	100,000	0	0
Ceannacháin	3,789,196	2,400,000	391,992	286,537	519,342	191,325
Diúscairt	(1,278,414)	0	(594,239)	(85,460)	(427,841)	(170,874)
Amhail 31 Nollaig 2006	**39,505,759**	**23,491,558**	**2,054,482**	**4,130,468**	**8,934,694**	**894,557**
Dímheas						
Amhail 1 Eanáir 2006	15,187,195	2,465,854	1,354,096	3,250,834	7,549,569	566,842
Muirear don bhliain	1,615,826	465,483	178,167	358,907	463,706	149,563
Ar Dhiúscairt	(1,036,501)	0	(434,285)	(73,469)	(380,988)	(147,759)
Amhail 31 Nollaig 2006	**15,766,520**	**2,931,337**	**1,097,978**	**3,536,272**	**7,632,287**	**568,646**
Glanluach Leabhair						
Amhail 31 Nollaig 2006	**23,739,239**	**20,560,221**	**956,504**	**594,196**	**1,302,407**	**325,911**
Amhail 31 Nollaig 2005	**18,399,887**	**15,317,809**	**902,633**	**578,557**	**1,293,624**	**307,264**

Tógadh ceannceathrú na Gníomhaireachta um Chosaint Chomhshaoil ar thailte Eastáit Chaisleán Bhaile Sheáin, i Loch Garman agus tá teideal ag Teagasc ar an suíomh. Tá idirbheartaíocht ar siúl ag an EPA chun léas fadtéarmach a fháil ar an suíomh seo ó Theagasc. Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a thóg foirgneamh na cheanncheathrú agus rinneadar an tógáil a airgeadú trí iasacht tráchtála. Íocann an EPA na haisíochtaí bliantúla leis an OPW. Déantar an ghné úis a dhéanann an EPA ar na haisíocaíochtaí a chuntasú sa bhliain ina dtarlaíonn sé. Déantar taifeadta ar an sócmhainn agus ar na socruithe maoinithe ar aon i leabhair an EPA chun an substaint atá taobh thiar de na hidirbheartaíochtaí a léiriú.

16 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2006 €	2005 €
Féichiúntaithe	2,486,839	1,652,591
Réamhíocaíochtaí	1,829,734	1,605,584
Airleacain chuig an OPW	260,000	3,307,895
	4,576,573	**6,566,070**

Réamhíocaíochtaí

Baineann cuid mhór den fhigiúr Réamhíocaíoctaí thuas le foirgneamh ag Inis Carra i gCo. Chorcaí a roinneann an EPA le Comhairle Chontae Chorcaí Tá seilbh tógtha ag an EPA ar an gcuid is mó den fhoirgneamh ón gComhairle agus tabharfar an chuid deiridh ar láimh in 2007 trí comhaontú. Is €850,000 an tsuim a híocadh maidir le seo in 2005, agus híocadh €324,377 eile in 2006.

Athrangaíodh €100,000 i leith íocaíochta chun Ceanncheathrú an EPA a cheangal le líonra leathanbhanda Limistéar Cathrach Loch Garman a bhí rangaithe mar réamhíocaíocht in 2005, mar Sócmhainn Sheasta in 2006, nuair a thosaigh an líonra ag feidhmiú.

Airleacain chuig an OPW

Athrangaíodh an réamhíocaíocht a rinneadh le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag deireadh 2005 maidir le Foireann Chigearachta Réigiúnach nua an EPA i gCill Chainnigh mar shócmhainn sheasta mar gur críochnaíodh an foirgneamh in 2006. Le linn 2006, tugadh suim de €260,000 ar láimh d'Oifig na nOibreacha Poiblí, maidir le costais phleanála agus dearadh an tsíneadh nua a cuireadh le foirgneamh Cheanncheathrú an EPA ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman.

Íocaíochtaí Caipitil san áireamh mar Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

Baineann na híocaíochtaí Caipitil de €584377 a rinneadh i 2006 faoi Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí (féach Nóta 11) le breisithe amach anseo agus áirítear leo €324377 a íocadh le Comhairle Chontae Chorcaí (féach Réamhíocaíochtaí thuas) agus €260000 a íocadh le Bord na nOibreacha Poiblí (féach Íocaíochtaí roimh ré chuig Oifig na nOibreacha Poiblí thuas).

Tá na féichiúnaithe ar fad dlite laistigh de bhliain amháin.

17 Creidiúnaithe agus Fabhruithe	€	€
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnais	865,454	736,076
Fáltais de Cheantáil ETU iníoctha leis an DoEH&LG (féach Nóta 2(b))	5,448,380	0
Trádáil agus Speansais Eiles	5,466,420	3,281,119
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	347,728	336,275
	12,127,982	**4,353,470**
(b) Méideanna a bhíonn dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Acmhainní Seasta	**2,748,594**	**2,993,892**

18 Costas Pinsin

(a) Scéim Pinsin

Feidhmíonn an EPA scéimeanna aoisliúntais shochair shainithe don fhoireanna nach bhfuil maoinithe. Íoctar teidlíochtaí aoislíuntais a thagann aníos faoi na scéimeanna seo as ioncam reatha. D'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta caighdeán cuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 - Sochair Scoir (FRS17) i mí na Samhna 2000. Tá comhlíonadh an chaighdeáin nua éigeantach do bhliain airgeadais 2005. Tá na torthaí atá leagtha síos thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndliteanas i ndáil le foireann an EPA agus ar fhoireann an iar Fhorais Fhorbartha amhail an 31 Nollaig 2006.

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime faoi FRS17 a ríomh:

Bonn Tuisceana	2006	2005	2004
Ráta lascaine	4.75%	4.25%	4.75%
An ráta méadaithe maidir le tuarastail	4.00%	3.50%	3.50%
Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc	4.00%	3.25%	3.25%
Ráta boilscithe	2.25%	2.00%	2.00%

Ar bhunús na mbonn tuisceana seo, agus ag úsáid an mhodh aonaid theilgthe forordaithe san FRS 17, bhí luach dliteanais fabhruithe pinsean measta ag €98.98m ag 31 Nollaig 2006 (i gcomparáid le €80.8m ag 31 Nollaig 2005).

	2006	2005
(b) Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain.	€	€
Maoiniú Inghnóthaithe i leith costais phinsean na bliana reatha	6,724,000	5,700,000
Deontais Stáit a fheidhmítear chun pinsinéirí a íoc	(1,491,364)	(1,576,475)
	5,232,636	**4,123,525**

(c) Anailís ar chostais phinsin iomlána a ghearrtar ar Chaiteachas	€	€
Costas Seirbhíse Reatha	3,156,000	2,500,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	3,568,000	3,200,000
Rannióca Fostaithe Faighte	(627,930)	(520,230)
	6,096,070	**5,179,770**

18 Costas Pinsin (ar lean)

(d) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an EPA na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhunús na sraithe de bhoinn thuisceana atá mionsonraithe thuas agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá caite. Áirítear ar na himeachtaí sin an bonn reachtúil chun scéim aoisliúntais a bhunú, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair chun pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníoca ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann maidir leis na scéimeana sonracha sin leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, níl aon fhianaise ag an EPA nach leanfaidh an polasaí maoinithe sin chun méideanna den chineál sin a íoc i ndáil le cleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2006 agus €98.98 milliún (2005: €80.8 milliún).

(e) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais	2006 €	2005 €
Glandliteanas Pinsin ag 1 Eanáir	80,800,000	65,000,000
Costas Seirbhíse Reatha	3,156,000	2,500,000
Costais Úis	3,568,000	3,200,000
Caillteanas Achtúireach / (gnóthachan)	12,947,364	11,676,475
Pinsin a híocadh sa bhliain	(1,491,364)	(1,576,475)
Glandliteanas Pinsin ag 31 Nollaig	**98,980,000**	**80,800,000**

(f) Stair ar Thaithí Gnóthachain agus Caillteanais		2006	2005
Taithí Gnóthachain / (Caillteanais) ar Dhliteanais na Scéime			
	Méid (€ '000)	(9,891)	(4,076)
	Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	10.0%	5.0%
Méid iomlán aitheanta sa Ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána			
	Caillteanas Achtúireach - Méid (€ '000)	(12,947)	(11,676)
	Ceatadán luach reatha dhliteanais na scéime	13.1%	14.5%

19 Figiúirí Comparáideacha

Tá roinnt athruithe déanta ar chur i láthair na míreanna sna ráitis airgeadais agus tá na figiúirí comparáideacha athshonraithe mar is gá ar bhunús atá comhsheasmhach le cur i láthair na bliana reatha.

20 Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an EPA le nósanna imeachta de réir treoracha arna n-eisiúint faoi Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhsaoil 1992 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 1995 agus le haon rialacháin a rinneadh ina dhiaidh sin. Lean an EPA na modhanna imeachta seo i rith na bliana.

21 Ceadú na Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Stiúrthóirí an Bhoird na Ráitis Airgeadais an 3 Meán Fomhair 2007.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Ceanncheathrú

Bosca Poist 3000
Eastát Chaisléan Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T +353 53 916 0600
F +353 53 916 0699
E info@epa.ie
LoCall 1890 33 55 99

www.epa.ie

Cigireacht Réigiúnach
Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T +353 1 268 0100
F +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí, Éire

T +353 21 487 5540
F +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Shéan de Mórdha,
Caisléan an Bharraigh,
Contae Mhaigh Eo, Éire

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T +353 47 77600
F +353 47 84987

Oifigí Reigiúnacha

Annabella, Mala
Co. Chorcaí, Éire
Teil: +353 22 43865

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Áth Luan
Co. na hIarmhí, Éire
Teil: +353 906 475722

Coláiste Mhungairit
Muangairit, Co. Luimnigh
Éire
Teil: +353 61 227900

11 Lána Rosemount
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall, Éire
Teil: +353 74 22274

ISBN 1-84095-228-8

Clóbhuailte ar Fedrigoni Symbol Satin, páipéar cúntach don chomhshaol.